

BÓ BITHBLICHT MEIC LONÁN: EAGRÁN DE SCÉAL FAOI FHLANN MAC LONÁN¹

Is téacs Meán-Ghaeilge próis agus filíochta é *Bó Bithblicht meic Lonán* (*BBML*) ina bhfuil ról lárnach ag an bhfile Flann mac Lonán. Is carachtar é sa scéal a insítear sa phrós, agus cuirtear an dán ina bhéal, cé nach dócha gurb é a chum i ndáiríre é toisc go bhfuil an teanga ródhéanach.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an téacs seo mar gheall ar an ról lárnach atá ag Flann mac Lonán, an mórfhile Connachtach, ann. Léiríonn na teidil a thugann annála na hÉireann do Fhlann a thábhachtaí is a bhí sé mar fhile. Tugtar *rígfhili Érend* air in Annála Inis Faithleann; *Firgil Gaeideal .i. prim file Gaoieal* ('Virgil na nGael, i.e. príomhfhile na nGael') in Chronicon Scotorum; agus *Uirghil shil Scota primh fhile Gaoidheal, file as deach baí i nErind ina aimsir* ('Virgil shíol Scota, príomhfhile na nGael, an file ab fharr a bhí in Éirinn ina aimsir') in Annála na gCeithre Máistrí. Ar an drochuair, dealraíonn sé gur beag dán (nó cuid de dhán) a tháinig anuas chugainn a bhfuil sé luaite leo mar fhile agus a d'fhéadfadh a bheith cumtha aige ar bhonn teangeolaíochta. Tá deich ndán ar a laghad, áfach, atá luaite le Flann, le fáil i lámhscríbhinní cé nach bhféadfadh gurb é a chum iad mar gur téacsanna Meán-Ghaeilge nó Nua-Ghaeilge Moiche iad; fuair Flann bás thart ar 920 A.D., i.e. thart ar an teorainn idir an tSean-Ghaeilge agus an Mheán-Ghaeilge. De thoradh ghann-tanas na ndánta a chum sé i ndáiríre a tháinig anuas chugainn, tá na dánta eile seo an-tábhachtach chun léargas a thabhairt dúinn ar Fhlann mac Lonán, agus is ceann acu é an téacs seo. Ar ndóigh, tá an téacs seo tábhachtach freisin mar fhoinsé de theanga na Meán-Ghaeilge.

San alt seo, cuirim eagrán den téacs ar fáil, ionas gur féidir é a léamh go héasca gan botúin scríobhathie na lámhscríbhinní nó mírialtachtaí sa litriú etc. a bheith ag cur isteach ar thuiscint an léitheora. Taobh amuigh de na lámhscríbhinní féin, ní raibh an téacs seo ar fáil ach in aon áit amháin go dtí seo, mar atá, i leagan lom dioplómaitiúil, gan nótaí mínithe de chineál ar bith, ag Kuno Myer in *Anecdota from Irish Manuscripts* i,² faoin teideal 'A Story of Flann mac Lonán'. Is ón leagan i Leabhar Buí Leacain a tógadh é sin, curtha i gcóimheas leis an leagan in Acadamh Ríoga na hÉireann (pléitear na lámhscríbhinní thíos). Is eagrán cumaisc atá curtha ar fáil agamsa sa chaoi is go bhfuil an dá leagan in úsáid chun an téacs is sothuigte agus is fearr a chur os comhair an léitheora.

¹Is leagan giorraithe é an t-alt seo de thráchtas M.A. a chríochnaigh mé sa bhliain 2004. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chabhraigh liom agus mé ag obair ar an tráchtas, go háirithe na stiúrthóirí, an tOllamh Anders Ahlqvist agus an tOllamh Máirín Ní Dhonnchadha, agus an Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta óna bhfuair mé Scoláireacht Rialtas na hÉireann a thug deis dom díriú ar an obair seo.

²Bergin, Best, Meyer agus O'Keefe, 1907, 45–50.

1. RÉAMHRÁ

Na lámhscríbhinní ina bhfuil BBML le fáil

Tá *BBML* le fáil in dhá lámhscríbhinn: Leabhar Buí Leacain (LBL), atá i gColáiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath, LS 1318 (H 2. 16), col. 917, l. 47 go dtí col. 919, l. 30; agus LS D iv 2 (1223) de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann, bil. 49 (51) vb, l. 6 go dtí bil. 50 (52) va, l. 10.³ Tabharfaidh mé L ar an leagan den téacs atá in LBL, agus A ar an leagan atá i LS D iv 2.

Is é Gilla Ísa mac Fhirbisigh a scríobh an chuid de LBL ina bhfuil *BBML*, thart ar 1391; tá sí scríofa ar pháir. Ba iad muintir Mhic Fhirbisigh filí agus stairithe mhuintir Ua Dubhda ón 12ú haois go dtí an 17ú haois. Baineann an-tábhacht leo ó thaobh litríocht na Gaeilge de agus bhí baint acu le scríobh roinnt lámhscríbhinní tábhachtacha, LBL ina measc. Scríobhadh i Leacan é i bparóiste Cille Glaise i gContae Shligigh.⁴

Tugann Abbott agus Gwynn ‘Story about the poet Flann Mac Lonain’ mar ainm ar an scéal ina gclár lámhscríbhinní. D’fhoilsigh Acadamh Ríoga na hÉireann macasamhail de LBL i 1896, le réamhrá, anailís ar an ábhar agus innéacs le Robert Atkinson.⁵

Tugann Mulchrone (1943, 3304) an 15ú haois, le comhartha ceiste, mar dháta do LS D iv 2; tá sí scríofa ar pháir. Is é Eoghan Ó Hachoidéirn an scríobhaí, agus is dócha gur scríobhadh é i gCill Chormaic i gContae Uíbh Fhailí. Tugann Mulchrone ‘A legend of Flann mac Lonáin’ mar ainm ar an scéal sa chatalóg.

Tá an dá leagan an-chosúil lena chéile den chuid is mó; baineann formhór na ndifríochtaí atá eatarthu le cúrsaí litrithe. Tá líon beag mórdhifríochtaí eatarthu, áfach: (i) tá dhá rann sa dán in A nach bhfuil in L (Rainn 7a agus 13a); (ii) tá dhá líne sa bhreis i Rann 15 in A nach bhfuil in L. Tar éis dom staidéar a dhéanamh orthu, táim den tuairim nach bhfuil fianaise ann gur cóipeáladh an dá leagan seo ón lámhscríbhinn chéanna, nó ó chóipeanna den lámhscríbhinn chéanna.

An mheadaracht

Is é an *deachnadh mór* an mheadaracht atá in úsáid in *BBML*. De réir Eleanor Knott, is iad seo a leanas na tréithe atá ag rann sa *deachnadh mór*:

1. Tá ocht siolla in *a* agus *c*, agus tá sé shiolla in *b* agus *d*.
2. Tá an focal deiridh i ngach líne déshiollach.
3. Déanann focail deiridh *b* agus *d* comhardadh le chéile, agus déanann focail deiridh *a* agus *c* uathne leo.

³I gcomhair sonraí do *LBL*, féach Abbott agus Gwynn, 1921, 94–110. Tá na sonraí a bhaineann le *BBML* ar lch. 109. I gcomhair sonraí do LS D iv 2, féach Mulchrone, 1943, 3297–307. Tá na sonraí a bhaineann le *BBML* ar lch. 3304.

⁴‘The Bards of Lecan Castle’, <http://www.irishwitch.org/library/vbs.shtml>; Hogan, 1910, 479–80 (s.v. *lecan mic Firbisigh*).

⁵Royal Irish Academy, *The Yellow Book of Lecan*. Féach an réamhrá le hAtkinson, lgh 1–4, ag 3. Tá *BBML* le fáil ar lgh. 195b–6b.

4. Tá dhá chomhardadh inmheánacha ar a laghad sna leathrainn araon. Sa chéad leathrann, ní gá do na comhardaidh inmheánacha bheith slán; is leor comhardadh briste nó amus. Sa dara leathrann, caithfidh na comhardaidh bheith slán.
5. Caithfidh dhá fhocal i ngach líne uaim a dhéanamh le chéile; i gcás *d* caithfidh an focal deiridh uaim a dhéanamh leis an bhfocal aiceanta deireanach a thagann roimhe.⁶

Déanfaidh mé cur síos anseo ar rann 1 de réir (1)–(5) thuas, agus ansin déanfaidh mé cur síos ar an dán i gcoitinne.

Rann 1

Fidbadach mac Feda Rúscaig,
 dúscaid congeib gleoïd;
 ísaid lúach a bó do biüd,
 béraid bó fa deoig.

1. Tá ocht siolla in *a*. Tá ocht siolla in *c*, agus sé shiolla in *b* agus *d*, a fhad is a ghlactar leis go bhfuil *gleoid*, *biud* agus *deoig* déshiollach. Is léir ón litriú in *A* (*gleooigh*, *bhiuiudh*, *dheooigh*), go raibh scríobhaí *A* ag iarraidh a dhéanamh soiléir go bhfuil siad déshiollach. Deirtear in *DIL* s.v. *biad*: ‘Early forms disyll.’; s.v. *dead*: ‘In the 9th century still disyllabic, in the latter half of the 10th century monosyllabic. In early Mid.-Ir. poetry occasionally disyllabic to meet the requirements of the metre’. I gcás *gleoïd*, ní focal é atá déshiollach de ghnáth fiú sa tSean-Ghaeilge ach tá sé déshiollach anseo chun dul in oiriúint don mheadarach.
2. Tá focal deiridh gach líne déshiollach (ag glacadh leis arís go bhfuil *gleoïd*, *biüd* agus *deoig* déshiollach).
3. Déanann focail deiridh *b* agus *d* comhardadh le chéile (*gleoïd* : *deoig*). Ní dhéanann *Rúscaig* uathne le *gleoïd*, *biüd* ná *deoig*, rud atá go breá mar déanann sé aicill le *dúscaid* agus, mar sin, is féidir an t-uathne a fhágáil ar lár.⁷ Tá uathne i ngach áit eile a mbeifí ag súil leis, is é sin *gleoïd* : *biüd* : *deoig*.
4. Ní fheicim ach aon sampla amháin de chomhardadh inmheánach: *bó* (*c*) : *bó* (*d*), agus níl sé sin iontach sa mhéid nach bhfuil *bó* ach ag déanamh comhardaidh leis féin.

⁶Déanann Knott (1928, 17 (VIII)) cur síos ar an *deachnadh mór* mar seo a leanas: ‘8² + 6². *ac* octosyllabic, *bd* hexasyllabic, all endings dissyllabic; rules of rime, alliteration, etc., as in *rannaigheacht bheag*, save that *aicill* between *c* and *d* is not required . . .’. Faoin gceannteideal *Rannaigheacht bheag* (ibid. 15, III), deir sí: ‘The rules are the same as those for *rannaigheacht mhór*, but the endings are dissyllabic . . .’. Mar sin, tá príomhábhar Knott ar na rialacha a bhaineann le rím agus le huaim sa *deachnadh mór* le fáil faoin gceannteideal *Rannaigheacht mhór* ar lgh. 13–14.

⁷Féach Murphy, 1961, 35.

5. Tá uaim i ngach líne; tá sí léirithe le cló trom anseo: *a: Fídbadach, Fedá; b: -geib, gleoïd; c: bó, biüd; d: béraid, bó.*

Ní chloítear go hiomlán le rialacha Knott in *d* sa mhéid is nach idir an focal deiridh agus an focal aiceanta deireanach atá roimhe atá an uaim.

An Dán i gCoitinne

Déanfaidh mé anailís ar an meadaracht sa dán i gcoitinne anois faoi na ceanteidil seo: (1) líon na siollaí; (2) comhardadh agus uaithne; (3) uaim.

- Tá an struchtúr $8^2 6^2 8^2 6^2$ ag gach rann⁸ (ach go bhfuil an struchtúr $8^2 6^2 8^2 6^2 8^2 6^2$ ag rann 15 má chuirtear san áireamh an dá líne sa bhreis atá in A). Leagann Knott (1994, 1) béim ar thábhacht líon na siollaí: ‘The line must consist of a certain number of syllables, and end on a stressed word of a certain syllabic length, and it is primarily by the number of syllables in the line, and by the syllabic length of the final word, that a metre is distinguished.’
- Déanann *b* agus *d* comhardadh slán le chéile i 26 cinn de na 27 rann, agus tá an gréasán comhardaidh/uaithne i gceart go hiomlán de réir rialacha Knott in 21 cheann de na rann. Nuair atá an gréasán ag teacht le rialacha Knott go hiomlán, bíonn comhardadh idir *b* agus *d* agus uaithne mar seo: *a:b, a:c, a:d, b:c, c:d*. Is iad seo a leanas na rann nach bhfuil an gréasán ‘i gceart’ go hiomlán iontu:

Rann 6: Níl uaithne ar bith ann.
 Rann 7: Níl uaithne ach comhardadh slán atá idir *a* agus *c*.
 Rann 8: Níl dhéanann *c* uaithne le *a, b* ná *d*.
 Rann 9: Níl dhéanann *b* agus *d* ach uaithne le chéile, ach déanann *a* agus *c* comhardadh le chéile. Mar sin, is féidir a rá go bhfuil comhardadh idir *b* agus *d* nó idir *a* agus *c* i ngach rann sa dán.
 Rann 10: Tá comhardadh in áit uaithne idir *a* agus *c*.
 Rann 12: Níl dhéanann *a* uaithne le *b, c* ná *d*.
- Tá 102 líne san iomlán sa dán (ag cur an dá líne sa bhreis i rann 15 in A san áireamh), agus tá uaim i 57 gcinn acu. Níl dhéanann focal deiridh *d* uaim leis an bhfocal aiceanta deireanach atá roimhe ach i rann 5, 15, 17 agus 19.

Tá sé líne i rann 15 in A:

Bennacht ar Dál Cais a Carnmuig,
 tabraid dóib cach inbuidh;
 fer maith, mac, mnaí cléirchib congabaid,
 ní dhénaid ar ndimdaig;

⁸Tá an córas giorrúchán seo do líon na siollaí sna línte agus i bhfocail deiridh na línte mínithe ag Murphy, 1961, vi.

móintib, muigibh, slábaib, sobraigh,
muinibh, fráechaib, fidbaid. F.⁹

Tabharfaidh mé *a-f* ar na línte. Deir Murphy (1961, 27), maidir le línte breise a chuirtear le rann: ‘In MV, iii (a tract which seems to have been put together in the second half of the eleventh century), the adjective *corránach* is sometimes included in the name of a metre, indicating that extra lines have been added to the normal form of a stanza. Such stanzas are usually hard to analyse and would seem to have been composed by experimenting metrists’. Má ghlactar leis gurb iad an dá líne nach bhfuil in L (*d, e*) na línte breise, ní bhaineann plé Murphy leis an gcás seo, mar ní ag deireadh an rainn atá siad, ach d’fhéadfadh sé gurb iad *a-d* na línte bunúsacha, gur cuireadh *e* agus *f* leis an rann agus ansin gur fhág scríobhaí L *d* agus *e* ar lár chun rann rialta a dhéanamh de.

An litir ‘F’ ag deireadh cuid de na rainn

Eagrán: Tá an litir ‘F’ ag deireadh rainn 8, 13, 14, 15, 16, 17, 20, 21, 22, 23, 24, agus *F. mac F. Rusca* ag deireadh rann 25.

L: Línte 36, 46, 50, 52, 54, 60, 62, 64, 66, 70.

A: Línte 39, 49, 53, 56, 58, 60, 68, 70, 72, 74, agus *F. mac F. Rusca* ar línte 76–77.

Sa dá lámhscríbhinn, tá an litir ‘F’ scríofa ag deireadh gach rainn a chríochnaíonn le *feda*, *fidbaid* nó *fidba*, is é sin *fid* agus focail ghaolmhara. B’fhéidir go raibh an scríobhaí ag iarraidh aird a tharraingt ar na focail seo toisc go bhfuil an t-imeartas focal a dhéantar ar *fid* chomh tábhachtach sin sa téacs. Is léir go bhfuil imeartas focal ar siúl ag an té a chum an téacs agus gur féidir dhá bhrí éagsúla a bhaint as an ainm ‘Fidbadach mac Feda Rúsaig’. Is é *feda* foirm an ainmfhocail *fid* sa tuiseal ginideach, agus tugann *DIL*¹⁰ ‘(a) a tree (sense in Glosses) ... (b) wood, timber ... (c) trees (coll.), a wood or grove ... (d) a letter of the ogham alphabet ... (e) esp. a vowel ...’ mar aistriúchán air. Is é aistriú Flower (1947, 71) air ná ‘wood’. Bhí dlúthbhaint ag cuid mhaith de na litreacha in aibítir an Oghaim le hainmneacha crann.¹¹ Mar sin, d’fhéadfaí *Fidbadach* a aistriú mar ‘Woodman’¹² nó ‘Man of (Ogham) Letters’. Maidir le *rúscach*, níl síneadh fada os cionn an *u* sna lámhscríbhinní, agus d’fhéadfaí é a léamh mar *ruscach* = *roskach*, aidiacht bunaithe ar *rosca* a dtugann *DIL*¹³ ‘a short poem, ode or chant’ mar aistriúchán air. Mar sin, d’fhéadfaí ‘Man of Letters, Son of Poetic Letter’ a thabhairt mar aistriúchán eile ar an ainm. Leantar leis an imeartas focal ar *fid* sa dán, agus tugtar le tuiscint dúinn ag deireadh an scéil go bhfuil dlúthbhaint ag an gcarachtar Fidbadach leis an bhfilíocht.

⁹Seo leagan A den rann (seachas leagan an eagráin) ach tá roinnt eagarthóireachta déanta agam air (sintí fada srl.).

¹⁰S.v. *fid* 125.79–126.55

¹¹McManus, 1997, 35.

¹²Flower, 1947, 71.

¹³S.v. 2 *rosca*.

Ba nós coitianta san fhilíocht é an litir ar a dtosaíonn céadfocail an dáin (*Fidbadach* i gcás an dáin seo) a scríobh ag an deireadh.¹⁴ Is dócha go ndéanadh scríobhaithe é seo le cur in iúl go soiléir go raibh deireadh leis an dán agus gur dán eile a bhí sa cheann a lean sa lámhscríbhinn é. Tá *F. mac F. Rusca* ag deireadh rann 25 (an rann deireanach) in A níos soiléire fós mar chomhartha go bhfuil deireadh leis an dán; déanann sé aithris ar chéadlíne iomlán an dáin (ach le giorrúcháin).

Nuair atá an litir seo le fáil ag deireadh níos mó ná rann amháin, mar atá anseo, is féidir gur chríochnaigh an dán ag deireadh gach ceann de na rann sin ag am éigin, agus gur chuir scríobhaí/scríobhaithe fad leis. Má tá sé sin fíor sa chás seo, ciallaíonn sé go bhfuil dhá chríoch déag ar an dán san iomlán. Níl aon rud ó thaobh dúnaidh de a chuirfeadh ina choinne seo; is é *Fidbadach*, nó focal cosúil leis, atá i ngach ceann den dá ‘chríoch’ déag sin.¹⁵

Foirmeacha an ailt sa téacs

Is foirmeacha Meán-Ghaeilge den alt atá sa téacs den chuid is mó. Is iad seo a leanas na tréithe Meán-Ghaeilge a chuireann in iúl é seo:

1. Tá *-na* sa tabharthach iolra in áit *-naib*, ach níl ach dhá chás sa téacs den tabharthach iolra, mar atá *dona colbaib* (l. 92) agus *tarna gablaib* (l. 145); leanann an tuiséal áinsíoch *tar* go hiondúil ach leanann an tuiséal tabharthach ó am go chéile é sa Mheán- agus sa Nua-Ghaeilge.
2. Níl aon sampla le fáil de *aⁿ*, foirm neodrach an ailt sa tSean-Ghaeilge sa tuiséal ainmneach agus áinsíoch uatha. Tá trí chás sa téacs d’ainmfhocail atá neodrach go stairiúil, sa tuiséal ainmneach nó áinsíoch uatha, leis an alt ag teacht roimhe: *in lá* (l. 4), *int aircetal* (l. 167) agus *in forcedul* (foirm nach bhfuil ach in A agus nár roghnaigh mé don eagrán), is é sin *a > in* i ngach cás.
3. Níl ach sampla amháin le fáil d’fhoirm a chríochnaíonn ar *-d*: *olc ind adba greda* (L); níl an *-d* i leagan A (*in adbha*). Taobh amuigh de seo tá trí shampla de *-n* sa tuiséal ainmneach uatha baininsneach ina mbeifí ag súil le *-nd* sa tSean-Ghaeilge;¹⁶ sampla amháin sa tuiséal ginideach uatha firinsneach; agus trí shampla sa tuiséal tabharthach uatha baininsneach.
4. Níl aon sampla le fáil den fhoirm dhéshiollach *inna*. Tá roinnt samplaí de *na* le fáil sa tSean-Ghaeilge dhéanach agus tógann sé áit *inna* de ghnáth sa Mheán-Ghaeilge.¹⁷ Tá sampla amháin sa téacs de *na* in áit *inna* sa tuiséal ginideach uatha baininsneach, trí shampla sa tuiséal áinsíoch iolra (firinsneach nó baininsneach), agus sampla amháin sa tuiséal ginideach iolra (firinsneach).

¹⁴Tá go leor samplaí den nós seo le fáil in Best, Bergin agus O’Brien, 1954, i.

¹⁵Féach Ní Dhomhnaill, 1975, 13.

¹⁶Féach *DIL* s.v. in 183.66–68: ‘The forms in *-d* (*ind*, *-sind*, *-nd*) remain only before vowels and before lenited *f*, *r*, *l*, *n* and, in Wb., sometimes also before lenited *m* and *b*’.

¹⁷Jackson, 1990, 78 (§ vi).

Tá roinnt samplaí le fáil de *an* na Nua-Ghaeilge: ainm. u. bain.: *an f[h]airrgi*, (L); áins. u. fir.: *uman muigi* (A); áins. u. bain.: *an mhael sa* (A), agus *an fhidbaid* (L); gin. u. fir.: *an eich* (L); tabh. u. bain.: *san derna laim* (A), agus *'san fhidbaid* (l. 116). Níl an fhoirm *int* le fáil ach sa tuiseal ainmneach uatha firinsneach.

2. TRASCRIÓBH

Anseo tugtar trascriobh den téacs ón dá lámhscríbhinn ina bhfuil sé le fáil. Is trascriobh dioplómaitiúil atá anseo; cloítear lena bhfuil sna lámhscríbhinní ar gach bealach, poncaíocht, ceannlitreacha agus spásanna idir fhocail san áireamh. Is minic gur deacair bheith cinnte an bhfuil spás idir dhá fhocal nó nach bhfuil, ach réitíonn córas na spásanna den chuid is mó le cur síos Thurneyesen (1998, 24 § 34) ar roinnt na bhfocal i lámhscríbhinní. Úsáidtear cló iodálach le cur in iúl gur mise a scríobh litir/litreacha áit a bhfuil nod sa lámhscríbhinn.

Maidir le consain atá faoi shéimhiú, scríobhtar *h* sa chló iodálach i ngach cás ina bhfuil *spiritus asper* nó ponc os cionn consain sa lámhscríbhinn; ar ndóigh má úsáidtear *h* tar éis consain sa lámhscríbhinn chun séimhiú a chur in iúl, scríobhtar an *h* sa ghnáthchló rómhánach anseo.

Tá cuid mhaith cásanna sa dá lámhscríbhinn, go háirithe in L, d'úsáid 'ceann fá eite', agus léirítear mar 'ʃ' é. Freagraíonn leagan amach an trascriofa (na focail atá ar gach líne ar leith srl.) do na lámhscríbhinní féin.

Trascriobh ó Leabhar Buí Leacain

Col. 917

ʃʃ inaróili faistigh 7 acliar
 Feachtus¹⁸ diatarla fland mac lonan
 mailli fris 7 siad cen biad arnimirci¹⁹
 dia muintir uaidibh 7 rogab flechad mor
 7 doineann forrosom 7 adubradar etarru fen ni
 ragdais adu anocht diambeith²⁰ biad ocunn

Col. 918

uair is olc in la intan ro badar im on comrad sin ad
 chondcadar aitheach morbarbarda 7 fidba
 isin dara laim do 7 mart isin laim aili rofiarfaid
 in cliar de in badail leis amart do reic asbert
 som doberad ar boin do chuindeochad fen adbert mac
 lonan d berad bo do acht coro leigad²¹ dail impi Adbert
 intaitheach no leicfeadh dail. Tabair duind in
 mart feachtsa armac lonan doberthar arin

¹⁸Tá an *-ch-* scríofa os cionn an *t*.

¹⁹Tá spás idir *nim-* agus *-irci*.

²⁰Tá comhartha easnaimh idir *mbeith* agus *biad* ach níl aon chur isteach comhfhreagrach os cionn na líne.

²¹Tá an *-i-* scríofa faoi bhun na líne.

taitheach *acht* coro leicter damfen amarbad 7 a 1
 luchtarecht 7 aroind. darmotan armac lonan
 is luag noragad²² duid arsin do denum. nocho
 chuindchim arin taithech *acht* comailter mo bo dotobairt
 dam amail ro gellad rim. foga ba co demin armac
 lonan. Romarb *in* taithech inmart iarsin 7 ro
 coscair 7 ro bruith 7 rosroind. *in* tan rob ear
 lam 7 rothidnaic achuit²³ comadais do chach
 7 robdar buidig 7 rosiacht cach main doib 7 cach
 conair robail ni dothobairt tucad. Et roimthig *in* taithech
 iarsin uaidib 7 tanic icind bliadna coicer 7 fidba
 illaim cachfhir 7 robdar scairbigi acgarba in
 coicer *sin* 7 robomor aninad 7 asaith 7 robole
 andalaig 7 ro buaildis mna 7 gilli 7 chonu²⁴
 isin tig 7 adbertadar nach gebdais *acht* bo bith
 blicht *no* bith istig tria bithu cotoirsead *in* bo
sin doib. IS andsin rofiarfaig mac lonan
 do aainm. asbert *in* bachlach fidbadach mac feda
 ruscaig mesi arse. asand asbert mac lonan *in*
 laid and ʃ oad. isaig luach a bo do biuda
 Fidbadach macfedha ruscaig duscaib²⁵ congeib gle
 beraid bo fa deoig. ʃ nocho chuindich inare
 INgnad inalaid dogniseom aciarraidh abosom.
 seom nochotabar dosom. ʃ mothigi. nituillead
 Tuc coic drochbachlacha duba tar tairrseach
 buidi friduine.imsaigi nó imlaighi. ʃ tarcas
 Tarlagsa chucu diafhromad focla finda filed.
 dofa *secht* diangabad. *achert* isadligned. ʃ *bachta*.
 Roraidsed aithisc ndur ndochta. rochomaill ciar
 abo do nidemad *certa* cen bad leo alachta ʃ nocho
 Diambliogthea cobleachta inad nabiad co²⁶ fermar.
 mo dobiad nachoemno nahaenbo noscerad
 Dechar duind inmæl sariabach isacrod caem clarach.
 7 infindrobosciamach rianindisi amarach
 Dechthar duind nahairghi uili iter tairthi trebai.
 diambeith ann bo nodingbad fidbadach²⁷ mac feda.²⁸ F.
 Fidbadach mac seithri sobraid olc inteichri
 teglaig. ithig²⁹ bert crema cachdomnaich nigeba cen

²²Tá an *-d* scríofa faoi bhun na líne.

²³Tá an *-t* scríofa faoi bhun na líne.

²⁴Tá ponc os cionn an *c*- anseo cé go mbeifí ag súil le *h* ina dhiaidh nó le *spiritus asper* os a chionn.

²⁵Tá *duscaib* scríofa san imeall deas le comhartha tagartha.

²⁶Tá *co* scríofa os cionn an *f*- san fhocal *fermar*.

²⁷Tá an *-i*- scríofa faoi bhun na líne.

²⁸Tá *-da* scríofa mar aon litir amháin.

²⁹Tá *-ig* scríofa ar fiar.

loilgig. ⁊ gainim. lista inscairbliath filnar
 Fídbadach mac seastrainsoraich. nigeslach les
 comair dail mafiach nithabair. ⁊ ismor
 Adbal aligi nalebaid isamlaid rofucaid.
 dairrdib uilc rofidir. isgoirt imachuitid
 Adraig mochtrath cachá maidni nochó damand
 find chert. intan gabus ime³⁰ atimthacht. andar lindi
 isdimtheacht.³¹

Col. 919

A de isadbal abrat gemrid borb afad sanimdaid.
 nochó³² trasrand donacolbaib. co loisceann anfhidbaid. F.
 Dorad coicer armocholbæ. deithbir duind andimdæ.
 conandreantaib gearrthaib gorma conambearraib figba.³³
 Bennacht ardailcais acarndmaig. tabraid doib
 cach finnmaig.³⁴ fermaith mac mnai clerchib congbaid
 mænib fraechaib fídbaid. F. ⁊ aneich buidi ria
 Mac onechtgi ángbaid. nochó nobann imguin. sida
 mbuidnib mæltuili asanfídbaid. F. ⁊ man sescrae
 Romir co corran cet curi imonmuidhi meda. leastar sle
 sona. roga fleascach feada. F. ⁊ na blod do
 Doróindi gairbi domgola iter dairbri is dinda. ismo
 benn alla. dogab eill dongilla. ⁊ dimda adaine
 Rocraid mo maccaime mine nibind lind agairbi. atat ica
 armna imda ailli. ⁊ imrig ratha bicli na litr
 Cormac caisil con achuru. leis mumu cor mela. tragaid
 isnafeada. F. ⁊ nimoleis brig breg ni bu
 Fland flaith temra lor amiri isles midhi in meda.
 idi anda duilli feada. F. ⁊ nisoitheann an
 Teigidarna gablaib mara. olc indadba greda.
 fairrgi anuilli airdi naid nafeada. F. ⁊
 Nochó denand snim risuirghi. ba lir rim adimda. nochó
 roich aband aformna niscarann fri fídba. F.
 Doreasairg conu mothigi. ascach deas aird
 cheana. corobdimbladach dia isduni dífídbadach³⁵ macfega.
 Fecheam meic lonan naligi niconach fodera. ic
 cuindchi bo nidis dona beg narbris nafeda. F.
 IS and sin adbert inbachlach asisin inbo dochuind
 geas aris bith blicht intaircetal 7 ismisi oengus
 inmac og tanic chucud. FINIT AMEN

³⁰Tá an focal *ime* scríofa os cionn na líne.

³¹Tá *isdimtheacht* scríofa faoin líne, agus líne fhiar uime.

³²Tá scrábadh ag tús *nochó* a chlúdaíonn cuid den *n-*.

³³Tá an *-b-* scríofa faoi bhun na líne.

³⁴Tá an *f-* scríofa faoi bhun na líne.

³⁵Tá an *-f-* scríofa os cionn na líne.

Trasríobh ó LS D iv 2 in Acadamh Ríoga na hÉireann

Bileog 49 (51) vb

[F]eachtus diatarrla flann mac lonain
 inaraile ifastigh 7 acliar immailli
 fris 7 iat gan biadh iarnimirci dfa
 muinntir uathaibh 7 rogab fleochad 7 doineand
 forrosom 7 adrubratar eturru fein niraghmais adú
 anocht diambeith biadh ocuind air isfuar inlá intan
 dobatar fon cumaraidh sin at *conncatar* aithech mor
 barbarda seochu 7 fidhbha sanderna laim do 7 mart
 meith isin laim araild dofhiarfaidh in cliar de
inbudháil leis in mart doreicc. Atbert sam doberadh
 ar boin do chuineochad fein é. Atbert mac lonain doberta
 dosom sin *acht* coraleicthea dail do *impe*. Atbert in taithech
 doleicfed dail do *impe*. Tabuir in mart duinn in
fechtsa ar mac lonain. Dobertar ar *inteathach acht* coram
 leicter fein diamarbad 7 dialuamairecht 7 dia
 roinn. Dar modhán ar mac lonain isluagh noraghadh
 doneoch *aile* air sin dodenum. Nocha *chuinngim*
 arintaitheach *acht* comailter mo bhó dam amail rogeallad
 frim doghebha codeimin ar mac lonain. ʃʃ 7 roiroind
 Romarb intaithech iarsin in mart 7 ro choscair 7 robruith
 7 intan robirrlam rothidnaicc acuid comadhais
 docach 7 robhátar fuidhlighe leo 7 robdar buidhe

Bileog 50 (52) ra

7 rosiacht *gach* ni amail robail doib *gach conair* ro
 bail doib nídothabairt. Ro *imigh* intaithech iarsin
 uaithibh 7 tainicc icinn bliadna 7 cuiccir baclach
 leis 7 fidhba alaim gachbachlaigh dhib 7 robdar sgair
 bidhe agarba in *coicer* sin 7 robamor asaith 7 an
inadh 7 robolcc andala 7 robuaildis mna 7 gilli
 7 *cona* isin tigh 7 atbertatar ní *ghebda*is bó *acht* bó bithblicht
 7 *nobeidis* isin tigh tri bhithu no cotoirsed in bó sin doib. IS
 annsin rofiarfaidh mac lonain de aai[n]m 7 atbert
inbachlach fidhbadhach mac feada ruscaidh missi arse
 asannatbert mac lonain. ʃʃ .oigh. issaidh luach
 Fidhbadhach mac feda ruscaid. *duscaid* congeib gleo
 abó dobhíuiudh. beraidh bó fadheoigh. ʃʃ nocha
 Ingnadh *infhalaigh* donísim. ag iaraidh abosum.
 cuinnig *inarésium*. ní nach tabar dosom. ʃʃ .thighi.
 Tucc *coic drochbhachla* duba. artairrsech mo
 nituilled buidhe friduine. *amsuighi nó* amlighi.
 Tarrlacsa cuca dfa fromad. focla finda filid.
 targas do fa *secht* diangabad.acht isadhliged.

Doraidhsin aithesc ndur ndochla. ro comaild gerbachta³⁶
 abó nidhema acerta. gen mad aló alachta.
 Diamblihdhthea uaithibh combleachta. inadh nachbiadh ferach.
 nochta me dobiadh ga caemna. nahæn bó ronscerad
 Dechtar dún an mhæil sa riaibach. sacrod chæm inclarach.
 7 aninn ise inriabach. rehinnise ambarach.
 Dambeithsi tri fichit brathar. robudh ghridfit gléthar.
 cofarcceba aanmain cidh uathmar. isarnaid infeichem.
 Dfhechtar dún arnairgi uile. eter tairgi istreaba. dús dia
 fadhmais bó no dhingbad. Fidbadhach mac feda. F.
 Fidbadach mac setroig sobraigh. olc inseire teaglaig. ith
 igh bert crema cach domnaich.nigeba ganloilghigh.

Bileog 50 (52) rb

Fidbadach mac sestrain soraigh. nigesdail lais gamain.
 lista inscairb liath fil narcomair. dal mafhiach nithabair.
 Adhbul alighi nalebaid.isamlaid rosfucaid. ismor
 dairgib uilc rofhitir. isgoirt imachuidigh.
 Atraig mocrach cacha maidne. noco dhamann findcert. intan
 ghabus imme athimthacht.anndarlinne isdimthecht.
 Adhé isadhbhal abrat geimrid.borb afhad naimdhaigh.
 inatescann dona colbaibh. noslascann donfhidhbaid. F.
 Or nocho crithigh induine. mithigh ra mná inbaile.
 bí nashlaet aleith intighi. noco tæet dáaire.
 Dorat coicer ar mu cholba. deithfir dún andimda.
 conadrentaib gerrthaib garba. conambertaib fidba. F.
 Bennacht ardal cais acarnmuig. tabraid doib cach inbuidh.
 fer maith mac mnai cléirchib congabaid. ni dhenaíd
 arndimdaig. mointib muigibh sliabaib sobraigh.
 muinibh fraechaib fidbaid. F. \l .sída ineich buidhe
 Mac mhailchluihi onechtghí angbaid. nochoanobann imguin.
 rembuidbnib. mæl tuile sanfidbaid. F.
 Romircóarán cet cuire. uman muigi medha. lestar
 slemon seasra sona. roga fleacach feadha. F.
 Doroine gairbe rem ghilla. eter dhairbi isdinna. ismo nabladh
 dobeirn alla. roghab ill famghilla. \l .acadimda
 Do craidh armacam mine. nibinn linne agaire. atait
 adhaine. armna imdha ailde. \l nisbaighinn
 Teithid arnagabla mara. olcc inadbha greadha.
 infhairgi uile. airdí innaid nafeadha. F.
 Cormac cailsil cor darcura. leis muma gur meala.
 aratgeoin rig ratha bicli. nalitre isnafedha. F.
 Flann righ temra ata dagile. nó dá mire³⁷ lais midhi gur mheala.³⁸

³⁶Tá an -a scríofa faoi bhun na líne.

³⁷Tá nó dá mire scríofa os cionn na líne.

³⁸Tá an -a- láir scríofa faoi bhun an e.

nocha mo leis buar buidhe. inaduille fedha. F.

Bileog 50 (52) va

Nocha denand snim re surge. balir lium adimda.
 nocha roich aband co fhormna. niscarand re fidba. F.
 Doesairg conu muthighi. osgach desaird chena. gurab
 dimbladhach dia isduine. dofidbadach mac feadha.³⁹ F.
 Fechem meic lonain nalghe. ni conach fodera. acuingidh
 bo codis dona. becc narbris nafedha. F. mac .f. rusca
 IS ann sin hautem atbert inbachlach. isisin arse in bó bith blicht
 rochuingesa ar is bith blicht inforcedul 7 ismisi
 Aengus mac Boinde arsé 7 nidambachlach
 FINIT

3. EAGRÁN AGUS AISTRÍÚCHÁN

Polasaithe eagarthóireachta agus aistriúcháin

Is eagrán cumaisc é seo, sa mhéid nach dtugaim tús áite do cheachtar de na lámhscríbhinní, ach, in áit nach mar a chéile na foirmeacha sa dá lámhscríbhinn, roghnaím an fhoirm ó cibé ceann acu is fearr a fheileann de réir na bpolasaithe atá mínithe thíos. Cuirim san áireamh aon chuid atá i lámhscríbhinn amháin ach nach bhfuil sa cheann eile (ach is mar fhonóta a chuirim san áireamh an dá líne sa bhreis atá i rann 15 in A).

Is iad seo a leanas na príomhpholasaithe eagarthóireachta atá curtha i bhfeidhm agam san eagrán:

1. In áit nach mar a chéile na foirmeacha sa dá lámhscríbhinn, roghnaím an fhoirm/an leagan atá níos sine. Tá sé seo ciallmhar toisc go bhféadfadh sé go raibh na scríobhaithe ag cóipeáil ó lámhscríbhinn(f) atá níos sine nár tháinig anuas chugainn; sa chás sin b'fhéidir nach bhfuil i gceist leis an leagan níos óige ach gur chuir an scríobhaí Gaeilge a linne féin air, nó, i gcás ar bith, Gaeilge atá níos óige ná mar a bhí sa lámhscríbhinn óna raibh sé ag cóipeáil, air. D'fhéadfadh sé go gclisfeadh ar an bpolasaí seo, áfach, i gcás bréagarsaíochta. Sampla den pholasaí seo is ea: l. 17: *roimthig* (L), *Ro imigh* (A), *ro imthig* (eagrán).
2. Tá iarracht déanta agam bheith chomh dílis agus is féidir do na lámhscríbhinní. Is féidir fianaise thábhachtach ó thaobh dháta na teanga sa téacs a chailleadh má théitear thar fóir le leasuithe eagarthóireachta. Sampla: l. 19: *ro buaildis* (L agus A), *ro búaildis* (eagrán). D'fhéadfaí *ro* a leasú anseo go *no*, an mhír atá leis an aimsir ghnáthchaite go stairiúil, ach roghnaigh mé an fhoirm atá sa dá lámhscríbhinn.⁴⁰

³⁹Tá an -a- láir scríofa faoi bhun an *e*.

⁴⁰In alt ina bpléann sé cúrsaí eagarthóireachta agus dátaithe, cuireann McCone (1985, 105) i gcoinne an pholasaí a bhí ag roinnt scoláirí, a chuir téacsanna in eagar ar dhóigh leo gur téacsanna Sean-Ghaeilge iad ach atá le fáil i lámhscríbhinní níos déanaí, caighdeán theanga na Sean-Ghaeilge, mar atá leagtha síos in *GOI* mar shampla, a chur i bhfeidhm go docht daingean ar na téacsanna sin. Ní hé an rud céanna go baileach atá á phlé agamsa anseo (sa mhéid is nach bhfuil mise ag maíofh gur téacs Sean-Ghaeilge *BBML*) ach tá pointí McCone fós ábharthach.

3. Tá iarracht déanta agam bheith comhsheasmhach. Sampla: l. 160 (rann 25) *meic Lonan* (L), *meic Lonain* (A), *meic Lonán* (eag.). Roghnaigh mé *Lonán* don eagrán anseo mar is é atá in úsáid don ainm i ngach cás eile san eagrán.
4. Tá poncaíocht curtha ar fáil de réir mar atá feiliúnach, agus tá roinnt coinbhinsiún ó thaobh nósanna litrithe de curtha i bhfeidhm. Is fiú an méid seo a leanas a lua anseo:
 - (a) Ní scríobhtar an tsleamhnóg idir *e* agus consan leathan, m. sh. *Fechtus* (l. 1).
 - (b) Scríobhtar *ocus* in áit 7.
 - (c) Cuirtear síntí fada ar ghutaí atá fada de réir cheannfhocail *DIL*.
 - (d) Leanaim coinbhinsiúin ortagrafaíochta na Sean-Ghaeilge maidir leis an séimhiú agus leis an urú a léiriú. Ó thaobh roinnt na bhfocal de, cloítear anseo den chuid is mó leis an bpolasaí atá mínithe ag Thurneysen in *GOI* 25 § 34.
 - (e) Ní hionann go hiomlán, áfach, polasaí Thurneysen agus an polasaí anseo. Ní úsáidtear an ponc os cionn na líne anseo agus ní úsáidtear an fleiscín ach (i) idir an réamhfhocal roimh an mbéim agus an chuid aiceanta de bhriathar comhshuite (m. sh. *ad-conncatar*, ll. 4–5); (ii) roimh mhír threise (m. sh. *ina ré-seom*, l. 30); (iii) roimh mhír thaispeántach (m. sh. *in fecht-sa*, l. 9); (iv) roimh fhorainm iontáite (m. sh. *ro-s roind*, l. 14); (v) idir *t* agus túsghuta tar éis an ailt (m. sh. *in t-aithech*, l. 8); (vi) idir *n* (urú) agus túsghuta (m. sh. *n-obann*, l. 113). Tugtar faoi deara nach scríobhtar fleiscín idir mír bhriathartha agus an briathar féin (m. sh. *ro gab*, l. 2).

Eagrán

Fechtus d'ia tarla Flann mac Lonán i n-arailí fástig agus a chliar immailli fris agus íat cen biad íar n-imirci d'ia muintir uaidib agus ro gab flechad mór agus doinenn forro-som agus adubratar etarru féin: 'Ní ragmais adíu anocht d'ia mbeith biad ocunn úair is olc in lá'. In tan ro bátar imon comrad-sin ad-conncatar aithech mór barbarda seocu agus fidba isin dara láim dó agus mart méith isin láim aili. Ro fhíarfaid in chliar de in bad áil leis a mart do reic. Asbert-som do-bérad ar boin do chuinneóchad féin. At-bert mac Lonán do-bérad bó dó acht coro légad dáil impe. At-bert in t-aithech no léicfed dáil dó impe. 'Tabair dúinn in mart in fecht-sa', ar mac Lonán. 'Do-bérthar', ar in t-aithech, 'acht coro léicter dam féin a marbad agus a luchtairrecht agus a roind'. 'Dar mo dán', ar mac Lonán, 'is lúag no ragad duid ar sin do dénum'. 'Nocho chuinnghim', ar in t-aithech, 'acht comailter mo bó do thabairt dam amail ro gellad frim'. 'Fo-géba co deimin', ar mac Lonán. Ro marb in t-aithech in mart íar sin agus ro choscair agus ro bruith agus ro-s roind in tan rob erlam agus ro thidnaic a chuit comadais do chách agus ro bátar fuidligi leo agus robdar buidig agus ro shiacht cach maín dóib agus cach conair rob áil ní do thabairt

20 tucad. Ocus ro imthig in t-aithech íar sin uaidib ocus tánic i cinn bláidna cóicer ocus fidba i lláim cach fhir ocus robdar scairbidi acarba in cóicer-sin ocus robo mór a n-inad ocus a sáith ocus rob olc a ndála ocus ro búaildis mná ocus gilli ocus chona isin tig ocus at-bertatar nách gébdais acht bó bithblicht ocus no beidís isin tig tria bithu co toirsed in bó-sin dóib. Is and-sin ro fhíarfaid mac Lonán de a ainm. As-bert in bachlach: ‘Fidbadach mac Feda Rúscraig mesi’, ar sé. As and as-bert mac Lonán in laíd and:

Aistriúchán

One time Flann mac Lonán happened to be in a certain empty house and his retinue along with him, and they were without food after their followers had departed from them and a great rain and stormy weather assailed them and they said among themselves: ‘We would not go from here tonight if we had food because the day is bad’. When they were engaged in that conversation they saw a great, fierce commoner going past them and a billhook in one of his hands and a fat cow in the other hand. The retinue asked him if he would wish to barter his cow. He said that he would give [it] in return for a cow that he himself would seek. Mac Lonán said that he would give a cow to him provided that he might allow a respite on account of it. The commoner said that he would allow him a respite on account of it. ‘Give us the cow now’, said Mac Lonán. ‘It will be given’, said the commoner, ‘provided that I myself may be allowed to slaughter, cook and distribute it’. ‘By my art’, said Mac Lonán, ‘it is a payment that would go to you in return for doing that’. ‘I do not seek [it]’, said the commoner, ‘but let it be fulfilled that my cow be given to me as has been promised to me’. ‘You will get [it] certainly’, said Mac Lonán. The commoner slaughtered the cow after that and flayed and cooked [it] and distributed it when it was ready and he gave his due share to each one and they had leftovers and they were grateful and they obtained every benefit and, in every way in which it was desirable for anything to be given, it was given. The commoner departed from them after that and he came at the end of a year as one of five and a billhook in the hand of each man, and that five were rough and very fierce and the space they took up and what it took to feed them were huge, and their circumstances were bad and they repeatedly beat women and servants and dogs in the house, and they said that they would only accept a cow always rich in milk and that they would be in the house forever until that cow might come to them. It was then that Mac Lonán asked him his name. The churl said: ‘I am Fidbadach son of Fid Rúscach’. It was then that Mac Lonán said the lay there:

25 1. Fidbadach mac Feda Rúscraig,
dúscaid congeib gleoïd;
ísaid lúach a bó do biüd,
béraid bó fa deoġ.

Fidbadach son of Fid Rúscach,
he wakes a decision-making gathering;
he will eat the worth of his cow of food,
he will carry away a cow eventually.

2. Ingnad in álaig do-gní-seom,
ac íarraid a bó-som;
30 nocho cuinnig ina ré-seom
ní nách tabar dó-som.
3. Tuc cóic droch-bachlacha duba
ar tairrsech mo thigi;
ní tuilled buidi fri duine,
35 im shuigi nó im ligi.
4. Tarlac-sa cuca, día fhromad,
focla finda filed;
tarcas dó fa secht,
día ngabad,
40 a chert is a dliged.
5. Ro ráidsed aithesc ndúr ndochta;
ro comail ciarb
achta;
a bó dó! ní démad
45 certa
céin bad leo
a lachta.
6. Día mbligthea uaithib
co blechta
50 inad ná biad férach
nocho mé do biad 'gá cáemna,
na haenbó
no-n scérad.
7. Déchtar dún in mael
55 'sa riabach
is a crod cáem clárach
ocus in fhind robo scíamach,
ría n-indisi a mbárach.
- 7a. Dá mbeith-si
60 trí fichit bráthar,
robod grifit
gléither;
co farceba a anmain,
cid úathmar,
65 is arnaid in féichem.
8. Déchtar dún na háirgi uili,
eter tairthi is treba,
dús día mbeith and bó
no dingbad
70 Fidbadach mac Feda. F.
9. Fidbadach mac séitrí sobraig,
olc in séire teglaig;
ithig bert crema cach domnaig,
ní géba cen loilgig.
- Strange is the way in which he behaves,
seeking his cow;
he does not seek in his time
anything that is not given to him.
- Five bad malevolent churls made for
the threshold of my house;
they do not curry favour with anyone,
whether sitting or lying.
- I uttered to them, to test him,
the fair words of a poet;
I offered to him seven times over,
if he might accept [them],
his right and his due.
- They spoke a severe, niggardly reply;
he fulfilled [it] although it was a
condition;
his cow to him! he would not concede
rights
as long as her various kinds of milk
might belong to them.
- If they might milk her as far as
milk-yields
in a place that would not be grassy;
it is not I who would be keeping her,
the one cow
of which he would deprive us.
- Let us examine the hornless one
and her brindled one
and her own, broad-faced stock
and the fair one that was beautiful,
before making known tomorrow.
- If you may be accompanied
by three twenties of kinsmen,
it would be trouble
that may be cleared up;
until he can discover his soul,
though dreadful,
the claimant is cruel.
- Let us examine all the herds,
both produce and holdings,
to see if there may exist a cow
that would ward off
Fidbadach son of Fid.
- Fidbadach, an energetic, vigorous lad,
bad the household meal;
he eats a load of wild garlic every Sunday,
he will not proceed without a milch-cow.

75	<p>10. Fidbadach, mac sesta, in soraig, ní gesdail leis gamain; lista in scairb líath fil 'nar comair, 80 dáil 'ma fhíach ní thabair.</p> <p>11. Adbal a ligi 'na lebaid, is amlaid ro-fuicid; is mór d'airrdib uilc ro-fhitir, 85 is goirt ima chuitig.</p> <p>12. Ad-raig mochtráth cacha maidne, nocho damann find-chert; in tan gabus ime a thimthacht, andar linne is d'imthecht.</p> <p>90 13. A Dé is adbal a brat gemrid, borb a fhad 'san imdaid; ina tescann dona colbaib no-s lascann don fhidbaid. F.</p> <p>13a. Ór nocho crithig in duine, 95 mithig ra mná in baile; bí 'na shlaet a leith in tigi, nocho táet dá aire.</p> <p>100 14. Do-rat cóicéir ar mo cholba, deithbir dún a ndimda; cona ndrenntaib gerrthaib gorma, cona mbertaib fidba. F.</p> <p>105 15. Bennacht ar Dáil Cais a Carnmaig tabraid dóib cach finn-maig; fer maith, mac, mnaí, cléirchib, congbaid,¹ 110 maenib, fráechaib, fidbaid. F.</p> <p>16. Mac Maíchluiithi ón Echtgí angbaid, nocho n-obann imguin; sída in eich buidi 115 ría mbuidnib Mael Tuili 'san fhidbaid. F.</p> <p>17. Ro-m ír, co corrán cét cuire, imon muidi meda, 120 lestar slemon 's esca sona, roga flescach feda. F.</p>	<p>Fidbadach, a steady lad, the agreeable one, a calf is not an achievement according to him; wearisome the grey ford in front of us, a respite for his debt he does not grant.</p> <p>Awful his lying in his bed, it is thus that you understand; it is a great number of signs of evil that he knows, he is bitter with respect to his portion.</p> <p>He rises early every morning, he does not submit to true right; when he puts on his cloak, we think that it is for departing.</p> <p>O God, his winter-plundering is great, fierce his length of time in the bed; that which he destroys of the bedposts, he burns it to serve as the trees.</p> <p>Since the person does not tremble, the women of the place deem that it is time; it is wont to be in a pile in one side of the house, it does not escape his notice.</p> <p>Five made for my bedpost, it is reasonable for us to be dissatisfied with them; with their cut, black jaws, with their bundles of bill-hooks.</p> <p>A blessing on Dál gCais from Carnmag, give them every white plain; a good husband—a son, a wife, clerics, he supports with riches, in moors, in a wood.</p> <p>Mac Maíchluiithe from the wild Aughty Mountains, he does not refuse a battle; the fairy hills of the yellow horse in front of the troops of Mael Tuili in the wood.</p> <p>He bestowed on me, with a crook of a hundred cauldrons, along with the vessel of mead, a sleek container and a lucky vessel, the choice tree abounding in branches.</p>
----	--	--

18. Do-roinne gairbi
rem' golla
eter dairbri is dinna;
125 is mó ná blad
do benn alla,
ro gab eill don gilla.
19. Ro cráid mo maccaíme míne,
ní binn linne a gáire;
130 atát aca dimda a daíne
ar mná imda áilli.
20. Cormac Caisil,
cor
dar cura,
135 leis Mumu, cor mela;
ar at-geóin ríge Rátha Bili
na litri is na feda. F.
21. Flann, flaith Temra,
lór a miri,
140 is leis Midi in meda;
ní mó leis
bríge Breg,
ní buidi
andá duilli feda. F.
145 22. Teithid tarna gablaib mara,
olc ind adba greda;
ní soithenn in fhairge a n-uilli,
airdi 'naid
na feda. F.
150 23. Nocho denand sním
ri suirge,
ba lir rím
a dimda;
nocho roich aband a fhormna,
155 ní scarann fri fidba. F.
24. Do-esaig conu mo thigi
as cach des-aird chena;
corob dimbladach Dá is duine
d'Fhidbadach mac Feda. F.
160 25. Féchem meic Lonán 'na ligi,
ní conách fo-dera;
ac cuingid bó,
ní dis dona,
bec nár bris
165 na feda. F. mac F. Rusca
- He caused roughness
against my purblind ones
between oak-woods and hills;
it is more than renown
for yonder mountain,
he overcame the servant.
He tormented my gentle boys,
his laughter does not please us;
his people are dissatisfied with him,
say many lovely women.
Cormac of Cashel,
a warrior
who surpasses [all other] warriors,
his is Munster, may he enjoy [it];
for the king of Ráth Bili knows
the Roman letters and the ogham letters.
Flann, the ruler of Tara,
great is his frenzy,
his is Meath of the mead;
he does not value
the importance of Bregia more highly,
it is not more yellow
than leaves of ogham letters.²
He flees across the sea inlets,
bad the abode of horses;
the sea does not attain their greatness,
nobler than
the ogham letters.³
He does not make trouble
on account of courting,
the dissatisfaction he caused
was as great as can be told;
he does not reach his choice river,
he does not relinquish a billhook.
He slays the dogs of my house
from every southern direction indeed;
may God and man be ungracious
to Fhidbadach son of Fid.
The creditor of mac Lonán lying down,
it is not good fortune that he causes;
seeking a cow,
a despicable, wretched thing,
he almost destroyed
the ogham letters.⁴

1 Tá dhá line sa bhreis in A anseo; cuirim in eagar mar seo iad: *ní dénaid ar ndimdaig; / móintib, muigib, slábaib, sobraig*, 'they do not dissatisfy us; / in bogs, in plains, on mountains, he is powerful.'

2 Is féidir 'than leaves of trees' a thabhairt mar aistriúchán freisin. Féach an nóta do l. 20.

3 Is féidir 'higher than the trees' a thabhairt mar aistriúchán freisin. Féach an nóta do l. 20.

- 4 Is féidir ‘he almost destroyed the trees’ a thabhairt mar aistriúchán freisin. Féach an nóta do l. 20.

Is and-sin, dano, at-bert in bachlach: ‘Is í-sin’, ar sé, ‘in bó bithblicht ro chuinniges-sa ar is bithblicht in t-aircetal ocus is misi Oengus mac Bóinde, in mac óg’, ar sé, ‘tánic chucud ocus nídám bachlach’. FINIT AMEN.

It was then, on the other hand, that the commoner said: ‘That is’, said he, ‘the cow always rich in milk that I have sought, for poetry is always rich in milk and I am Oengus, son of Bóinn, the young son’, said he, ‘who has come to you and I am not a churl’.

4. NÓTAÍ

Sa tráchtareacht seo, pléitear pointí teanga agus araile a bhaineann le cuid de na focail agus cuid de na frásaí atá sa téacs. Nuair a luaitear uimhir líne, is don eagrán a thagraíonn sí. Tugtar an fhoirm atá san eagrán i gcló trom. Den chuid is mó, pléitear anseo na rudaí seo a leanas: na cúiseanna atá taobh thiar de na roghanna a rinne mé don eagrán agus don aistriúchán; féidearthachtaí eile don eagrán agus don aistriúchán; focail agus araile a bhfuil castacht ar leith ag baint leo nó ar díol spéise ar leith iad; agus tréithe teanga a d’fhéadfadh cabhrú le dáta a chur leis an téacs. Luaitear go minic anseo gur foirmeacha Sean-Ghaeilge, Meán-Ghaeilge nó Nua-Ghaeilge Clasaicí foirmeacha sa téacs; is fiú a lua anseo nach bhfuil ansin ach aicmiú simplithe.

1. 8 **acht coro légad**: *acht coro legad* (L), *acht coraleicthea* (A). Sa tSean-Ghaeilge, ciallaíonn *acht* + an modh foshuiteach le *ro* ‘if only, provided that’. I dtéacsanna níos déanaí, tá *acht coⁿ* le fáil, mar atá anseo.⁴¹ Tá mé éiginnte faoi fhoirm A. Tá cosúlacht na foirme don dara pearsa uatha den aimsir chaite sa mhodh foshuiteach uirthi, ach dá mb’amhlaidh a bheadh sí, bheifí ag súil le forainm réamhfhoclach sa chéad phearsa uatha seachas an trífú pearsa ina diaidh (*acht coroleicthea dail dam impe*), ach fiú amháin sa chás sin, bheadh an abairt neamhsheasmhach sa mhéid is gur caint indíreach a bheadh sa chéad chuid (*doberta dosom sin*) agus caint dhíreach sa dara cuid. Féidearthacht eile is ea gurb í an uimhir uatha den fhaí chéasta san aimsir chaite den mhodh foshuiteach (= *léicthe*) atá i gceist.

1. 14 **ro-s roind**: *rosroind* (L), *ro roind* (A). Díol spéise is ea an forainm iontáite baininsneach in L, cé go bhfuil sé ag tagairt d’ainmfhocal firinsneach (*mart*). Sa Mheán-Ghaeilge, tagraíonn an fhoirm *s* don fhirinscne go minic freisin toisc go bhfuil *s* níos dearsnaithí ná na foirmeacha a úsáidtear don fhirinscne roimhe sin.⁴²

1. 15 **ro thidnaic**: *rothidnaic* (L), *rothidnaicc* (A). Is leagan Meán-Ghaeilge é seo den bhriathar Sean-Ghaeilge *do-indnaig*. Sa Mheán-Ghaeilge, tá *do-indnaig*- ar cheann de na tamhain a thagann in áit *do-indnaig*-. Is dócha gur díshamhlú atá i gceist san athrú ó *-ndn-* go dtí *-dn-* (le *d* faoi shéimhiú).⁴³

⁴¹GOI 559 § 904.

⁴²McCone, 1994, 268 § 10.8. Bainfidh mé úsáid as an ngiorrúchán *SnaG* feasta chun tagairt a dhéanamh don saothar seo.

⁴³DIL s.v. *do-indnaig* 315.1–2; *SnaG* 234 § 3.14.

1. 17 **cóicer**: *cóicer* (L), 7 *cuiccir baclach leis* (A). Tá leagan L níos coimeádaí ná a bhfuil in A. Maidir le foirm L, deir Thurneysen gur féidir an tabharthach a úsáid gan réamhfhocal nuair atá sé i gcomhaisnéis le forainmneacha pearsanta is le hainmní atá mar chuid d'fhoirm tháite de bhriathar. Bíonn forainm sealbhach i gcónaí ag gabháil leis na huimhreacha pearsanta, ach amháin nuair a chuireann siad an uimhir iolra in iúl cé go bhfuil siad i gcomhaisnéis leis an uimhir uatha, mar atá sa chás seo: *tánic* (uatha) . . . *cóicer* (ag cur na huimhreach iolra in iúl).⁴⁴ Is é *cóiciur* an tabharthach uatha atá ag *cóicer* sa tSean-Ghaeilge; tagann *cóiciur* chun cinn níos déanaí mar ainmneach uatha.⁴⁵ Sa chás seo, is *cóicer* seachas *cóiciur* atá ann, cé go gcuireann an méid thuas in iúl gur tabharthach gan réamhfhocal atá i gceist ach, de bharr athruithe foghraíochta, níl aon difríocht a thuilleadh sa Mheán-Ghaeilge idir ainmneach uatha agus tabharthach uatha in *o*-thamhain le guta gearr sa siolla gan bhéim.⁴⁶ Féadann sé freisin gurb é *cóicer* ainmní an bhriathair *tánic* ('five came at the end of a year').

I gcás leagan A, cuireann sé in iúl go raibh cúigear sa bhreis ar Fhídbadach páirteach san ionsaí seo ar theach mhic Lonán (is é sin seisear san iomlán, i gcodarsnacht le cúigear san iomlán in L). Luaitear líon na mbathlach a bhí páirteach san ionsaí i dtrí áit eile sa téacs. I l. 18, tá *robdar scairbidi acarba in cóicer sin*; ní fhreagraíonn sé seo an cheist maidir le cé mhéad bathlach a bhí ann mar d'fhéadfadh *cóicer* bheith ag tagairt dóibh ar fad, Fídbadach san áireamh, nó, in A, bheith ag tagairt don *cuiccir baclach* a bhí in éineacht le Fídbadach, a luaitear roimhe seo. I ll. 32–3, tá *Tuc cóig drochbachlacha duba / ar tairrsech mo thigi*. Má ghlactar leis go bhfuil *cóig drochbachlacha duba* sa tuiseal ainmneach agus go gciallaíonn *tuc* . . . ar 'made for, attacked', réitíonn sé le leagan L sa phrós, ach má ghlactar leis go bhfuil *cóig drochbachlacha duba* sa tuiseal áinsíoch ('he brought five bad malevolent churls'), réitíonn sé níos fearr le leagan A sa phrós (is é sin seisear san iomlán páirteach). I l. 100, tá *Do-rat cóicer ar mo cholbae*; d'fhéadfadh sé seo, cosúil le l. 18, bheith ag tagairt dóibh ar fad, Fídbadach san áireamh, nó, in A, bheith ag tagairt don *cuiccir baclach* a bhí in éineacht le Fídbadach. Maidir leis an litriú *cuiccir* in A, tá *cóic* ar cheann de thrí fhocal (is iad *cóis* agus *cóich* na cinn eile) a n-athraíonn ó tar éis *c*-tosaigh agus roimh chon-san caol go *ú* iontu i rith na Meán-Ghaeilge. Tarlaíonn an t-athrú céanna i bhfocail ghaolmhara, m. sh. *cóicer* sa chás seo.⁴⁷ I gcás *cuiccir baclach* (A), deir Liam Breatnach: 'Dealraíonn sé gur núáil sa MG é gur féidir iad seo [uimhreacha pearsanta] a úsáid mar uimhreacha simplí leis an ainmfhocal sa ghin. iol. ina ndiaidh'.⁴⁸ Tugtar réimse sách leathan d'aistriúcháin in *DIL* ar an bhfocal *bachlach*. B'fhéidir go bhfuil an chiall chéanna ag *aithech* agus *bachlach* sa téacs seo; aistríonn Flower iad araon le 'clodpoll' (1947, 70–71). San aistriúchán anseo, áfach, tugtar 'churl' de ghnáth ar *bachlach*, i gcomórtas

⁴⁴ *GOI* 160 § 251 V 2.

⁴⁵ *DIL* s.v. *cóicer* 294.53.

⁴⁶ *SnaG* 242.

⁴⁷ *Ibid.* 233 § 3.10.

⁴⁸ *Ibid.* 262 § 8.8.

le ‘commoner’, a tugtar ar *aithech*, ar mhaithe le hidirdhealú a dhéanamh san aistriúchán idir an dá fhocal. Déanann Kelly idirdhealú eatarthu nuair a deir sé go gciallaíonn *bachlach* ‘monastic client’ ach go gciallaíonn *aithech* ‘secular client’; bhíodh an *bachlach* faoi smacht uachtaráin mhanachúil (*airchinnech*) ach bhíodh an *aithech* faoi smacht tiarna shaolta (*aire*).⁴⁹

l. 20 **bó bithblicht**: *bo bith blicht* (L), *bó bithblicht* (A). Is amhlaidh go dtosaíonn lachtadh thart ar Bhealtaine le breith na laonna, agus go leanann sé ar aghaidh ar feadh an tsamhraidh agus go dtagann meath air le teacht an gheimhridh. Is féidir leis an bhfeirmeoir, áfach, fad a chur lena shéasúr bleáin ma choinníonn sé roinnt dá chuid ba ón tarbh ag an ngnátham cúplála (samhradh déanach) agus ligean dóibh cúpláil san fhómhar ina ionad. Ar an gcaoi seo, beirtear roinnt laonna níos déanaí ná an chuid eile. Mura mbeireann bó bhleáin aon lao, nó má choinnítear ón tarbh d’aon ghnó í, is féidir léi coinneáil uirthi ag tabhairt bainne ar feadh bliana iomláine, ach í a chothú agus aire chearta a thabhairt di. Tugtar ‘bó bhithblicht’ ar bhó mar seo, agus tagraíonn tráchttaireacht dlí ón naoú haois do bhó le bainne seasta gach mí ar feadh bliana.⁵⁰

l. 20–21 **ocus no beidis**: *no bith* (L), *7 no beidis* (A). Maidir le *bith*, is é an t-ainm briathartha den bhriathar substainteach atá ann; tá samplaí den litriú seo le fáil sa tSean-Ghaeilge ach is é *buith* an litriú is coitianta sa ré sin; is é *bith* an ghnáthfhoirm Mheán-Ghaeilge. Thabharfainn ‘or to be’ mar aistriúchán ar leagan L. Maidir le leagan A, glacaim leis gur clásal coibhneasta, i ndiaidh *at-bertatar*, atá ann.⁵¹ Is foirm Mheán-Ghaeilge *no beidis*.⁵²

l. 22 **Fidbadach mac Feda Rúscraig**: *Fidbadach mac Feda Ruscaig* (L), *Fidhbadhach mac Feda Ruscaidh* (A). Tá an focal *fidbadach* le fáil in *DIL* mar aidiacht atá bunaithe ar an ainmfhocal *fidbad*, agus tugtar ‘belonging to the forest, sylvan . . .’ mar aistriúchán air. Tugtar mar ainmfhocal freisin é in *DIL*, le ‘a wild animal (wolf?)’ mar aistriúchán air. Is ainmfhocal dflís é *Fidbadach* anseo; déantar tagairt don téacs seo in *DIL* mar shampla de *fidbadach* in úsáid mar ainmfhocal dflís, agus tugtar samplaí eile as Annála Uladh agus as Annála na gCeithre Máistrí. Tugann Flower ‘woodman’ mar aistriúchán air.⁵³

Is é *fedá* foirm an ainmfhocail *fid* sa tuiséal ginideach, agus aistríonn Flower le ‘wood’ é.⁵⁴ Deir Kelly, maidir le talamh coille: ‘In the law-texts of the seventh and eighth centuries it is taken for granted that a farmer has access to considerable amounts of wood for many purposes—the annual requirements of hazel-rods alone must have been very considerable. Consequently, woodland was much valued: the wisdom-text *Tecosca Cormaic* states that *maith fidbad cecha ráithe* (‘a wood is good at every season’).⁵⁵

⁴⁹Kelly, 1997, 453.

⁵⁰Ibid. 41.

⁵¹*GOI* 318 § 503.

⁵²*DIL* s.v. *buith* 239.71–74.

⁵³Flower, 1947, 71.

⁵⁴Ibid.

⁵⁵Kelly, 1997, 389.

Tugann *DIL* ‘possessing bark, barky’ mar aistriúchán ar *rúscach*. Fágann sé sin aistriúchán iomlán ar nós ‘Woodman son of Barky Wood’ ar an ainm. Is dócha, áfach, go bhfuil imeartas focal ar siúl ag an té a chum an téacs agus gur féidir dhá bhrí éagsúla a bhaint as an ainm. Mar a luaitear sa réamhrá (lch 13), ciallaíonn *fid* ‘a letter of the Ogham alphabet’ chomh maith le ‘tree, wood’; bhí dlúthbhaint ag cuid mhaith de na litreacha in aibítir an Oghaim le hainmneacha crann.⁵⁶ Mar sin, d’fhéadfaí *Fidbadach* a aistriú mar ‘Man of (Ogham) Letters’.

1. 25 (§ 1) **dúscaid congeib gleoïd** (§ 1): *duascaib congeib gleoad* (L), *duscaid congeib gleoigh* (A). Caithfidh gur botún de chuid an scríobhaí é an *b* in *duascaib* (L). Glacaim leis san aistriúchán gurb é an t-ainmfhocal *conga(i)b* (ainm briathartha *con-gaib*) ‘gathering srl.’ atá i gceist le *congeib*. Ní féidir liom teacht ar aon sampla eile d’úsáid *congeib* in áit *congaib* ach d’fhéadfadh sé tarlú trí analach leis an mbriathar. D’fhéadfadh sé freisin gur trí bhriathar atá sa líne seo: ‘he awakens, he maintains, he fights’; tugtar sampla amháin in *DIL* den bhriathar *gleoaid* ‘fights’, bunaithe ar an ainmfhocal *gleo*.⁵⁷ Sa chás sin bheadh uaim idir *-geib* agus *gleoïd*. Tá an briathar Sean-Ghaeilge *do-fíuschi* le fáil mar bhriathar comhshuite agus mar bhriathar simplí sa Mheán-Ghaeilge: *do-fíusci*, *díusc-*; agus *do-fusci*, *dúsc-*.⁵⁸

1. 28 (§ 2 a) **Ingnad in álaig do-gní-seom**: *Ingnad in alaid do gniseom* (L), *Ingnadh in fhalaigh donisim* (A). Glactar leis san eagrán gurb é an t-ainmfhocal *álaig* atá i gceist anseo agus go gciallaíonn an frása seo, focal ar fhocal, ‘the behaviour he does’. Is dócha gur *f* neamhbhunúsach atá in *fhalaigh* (A). Maidir le foirm an bhriathair in A, is minic a fhaightear foirmeacha deotratonacha den bhriathar *do-gní* gan *-g-* sa Mheán-Ghaeilge.⁵⁹

1. 32 (§ 3 a) **Tuc cóic droch-bachlacha duba**: *Tuc coic drochbachlacha duba* (L), *Tucc coic drochbaclacha dubha* (A). Maidir le brí an bhriathair sa chás seo, féach an nóta ar *cóicer*, l. 17.

1. 40 (§ 4 d) **a chert is a dliged**: *a chert is a dliged* (L), *a acht is a dhliged* (A). Déanann *chert* (L) comhardadh slán le *secht* sa líne roimhe seo, ach níl ach uathne idir *acht* (A) agus *secht*. Is féidir ‘stipulation, condition’ a thabhairt mar aistriúchán ar *acht*.⁶⁰ Tugtar ‘due’ mar aistriúchán ar *dliged*, ach d’fhéadfaí ‘legal entitlement’ a thabhairt air freisin. Agus é ag trácht ar na hocht gcéim a bhaineann le cás dlí, deir Kelly: ‘Recensions R and E of *Cóic Conara Fugill* give the five ‘paths’ along which a case must be pursued as *fír* ‘truth’, *dhliged* ‘entitlement’, *cert* ‘justice’, *téchtae* ‘propriety’ and *cóir n-athchomairc* ‘proper enquiry’.⁶¹

ll. 46–7 (§ 5 d) **céin bad leo a lachta**: *cen bad leo a lachta* (L), *gen mad a ló a lachta* (A). Is dócha gur foirm choibhneasta den chopail sa tríú pearsa,

⁵⁶McManus, 35.

⁵⁷*DIL* s.v. *gleoaid*.

⁵⁸*DIL* s.v. *do-fíuschi* 266.21–22.

⁵⁹*SnaG* 325 § 12.197.

⁶⁰*DIL* s.v. *acht*.

⁶¹Kelly, 1988, 191.

uimhir uatha, aimsir chaite sa mhodh foshuiteach é *bad* (L). Is féidir freisin go bhfuil sé san aimsir choinníollach (tríú pearsa uatha cónasctha). Maidir le *mad* (A), féidearthacht amháin is ea gur *mbad* atá i gceist. Is fiú a thabhairt faoi deara, áfach, an méid seo a leanas atá ag Thurneysen maidir le clásail choibhneasta faoi urú: ‘Nasalisation of the relative forms of simple verbs, except the copula, is usual (though not quite consistently shown) in Wb.; in later sources it is found more regularly’.⁶² In L, tá an chopail san uimhir uatha cé go bhfuil an t-ainmní *lachta* san uimhir iolra. Ar ndóigh feileann an uimhir uatha don mheadarach anseo. Maidir le *leo* (L), seans go dtagraíonn sé do Mhac Lonán agus a lucht leanúna. Ciallaíonn *a ló a lachta* (A), focal ar fhocal, ‘in her day of milk’ = ‘in milk’. D’fhéadfaí an líne seo in A a aistriú le ‘as long as she might be in milk’.

I. 50 (§ 6 b) **inad ná biad féarach**: *na biad co fermar* (L), *inadh nach biadh ferach* (A). D’fhéadfad an réimír bhriathartha *no/na*, nó an mhír choibhneasta dhiúltach *ná*, bheith i gceist le *na* in L, ach is dócha gurb é an dara ceann é i bhfianaise fhoirm A *nach*. Úsáidtear *nach* in áit *nád* mar mhír choibhneasta dhiúltach sa tSean-Ghaeilge agus sa Mheán-Ghaeilge luath roimh bhriathar a bhfuil forainm iontáite mar chuspóir aige; ina dhiaidh sin is féidir *nach/nách* a úsáid freisin sa chás nach bhfuil forainm iontáite i gceist.⁶³

I. 57 (§ 7 c) **ocus in fhind robo scíamach**: *7 in find ro bo sciamach* (L), *7 in inn ise in riabach* (A). Tá an aidiacht *finn* á úsáid mar ainmfhocal; is léir ó fhoirm A (*in inn = in fhinn*) go bhfuil sé baininsneach, rud a luíonn le réasún toisc go bhfuil sé ag tagairt do neach baineann (*bó*). Deir Kelly, maidir le heallach fionn: ‘White cattle seem to have had a rarity value, and were no doubt especially favoured because of the association of white with virtue and purity. Such cattle are mentioned quite frequently in our sources, sometimes with special reference to outstanding milk-yields.’⁶⁴ Is foirm threisithe Mheán-Ghaeilge den fhorainm pearsanta neamhspleách é *ise* in A; bheifí ag súil le foirm a thosaíonn le *-s* ar nós *sissi* sa tSean-Ghaeilge. Tá an aidiacht *riabach* in úsáid mar ainmfhocal in A. D’fhéadfaí ‘and the fair one, she is the brindled one’ a thabhairt mar aistriúchán ar an líne seo in A.

II. 61–2 (§ 7 a, b) **robod grifit gléithar**: *robodh ghridfit gléithar* (A). Glacaim leis san eagrán agus san aistriúchán gurb é an t-ainmfhocal *grifit* = *glífit* ‘trouble’ atá i gceist le *gridfit* anseo, agus gur botún scríobhaí an *-d-* breise. Déanann *grifit* comhardadh inmheánach le *fichit* in *d*. Leasaigh mé *gléithar* (A) go *gléithar* mar tá *-th-* caol ag teastáil chun comhardadh a dhéanamh le *féichem* ag deireadh *d*.

II. 68–9 (§ 8 c) **dús día mbeith and bó no dingbad**: *dia mbeith ann bo no dingbad* (L), *dús dia fadhmais bó no dthingbad* (A). Foirm Shean-Ghaeilge is ea *día*; is é *dá* an ghnáthfhoirm Mheán-Ghaeilge.⁶⁵ Is léir ón meadaracht

⁶²GOI 319 § 504, 2 [c].

⁶³SnaG 281 § 11.8; DIL s.v. 2 ná 2.57, s.v. 3 nach 5.84–86, 6.1–2, 6.18.

⁶⁴Kelly, 1997, 32.

⁶⁵SnaG 846 (s.v. *dá* (cónasc)).

go bhfuil *dús* (A) aonsiollach anseo; luaitear trí shampla as Wb. in *DIL* nach bhfuil giorraithe (*duís*, 5^b20; *dúus*, 9^b19, 26^b27), rud a léiríonn go bhféadfadh sé bheith déshiollach freisin. Deir Thurneysen: ‘Indirect interrogative clauses may be preceded by *dús* ... “to know, ascertain (if)” ... particularly in a context where one would not normally expect an interrogation to follow’; bheifí ag súil leis an mír *in* tar éis *dús* anseo ach is é an cónasc *día* a leanann é.⁶⁶ D’fhéadfaí leagan A a aistriú le ‘to see if we might get’.

1. 71 (§ 9 a) **Fidbadach, mac séitri sobraig:** *Fidbadach mac seithri sobraid* (L), *Fidbadach mac setroig sobraigh* (A). Féach an nóta ar *Fidbadach mac Feda Rúascaig*, 1. 22. Glactar leis san eagrán gurb é an t-ainmfhocal *séitrige* (‘vigour, energy’), sa tuiséal ginideach, atá i gceist le *seithri* (L), gurb ionann *-í* agus *-ig(h)e* ó thaobh fuaime de faoi am an téacs seo, agus gur litríodh le *-í* deiridh é ionas nach mbeadh ach ocht siolla sa líne agus ionas go ndéanfadh sé comhardadh slán le *teichrí* sa chéad líne eile. B’fhéidir gurb é atá i gceist le *setroig* (A) ná an tuiséal ginideach de *sétrad* (= ‘treasure’). Tá *d* faoi shéimhiú agus *g* faoi shéimhiú, go háirithe nuair atá siad caol, ag tosú ag rith ina chéile i ré na Meán-Ghaeilge⁶⁷ (*sétraid* = *sétraig*; *sobraid* [L] = *sobraig* [A]).

1. 72 (§ 9 b): **olc in séire teglaig:** *olc in teichri teglaig* (L), *olc in seire teaglaig* (A). Tá *séire* (A) firinsneach anseo; tugtar in *DIL* mar *iā*-thamhan baininsneach é ach tá sé firinsneach i bhfoclóirí Dinneen agus Uí Dhónaill. Fiú in *DIL*, níl ach aon sampla amháin inar féidir bheith cinnte go bhfuil *séire* baininsneach.⁶⁸ Maidir le L, tá an focal *teichri* in *DIL* ach níl ag gabháil leis ach comhartha ceiste agus an tagairt seo ó L. Féidearthacht amháin is ea gurb é *int eichrí* ‘the horse-king’ atá i gceist, ach ní oireann sé sin don chomhthéacs.

11. 77–8 (§ 10 b) **ní gesdail leis gamain:** *ni geslach les gainim* (L), *ni gesdail lais gamain* (A). Is aidiacht *geslach* (L = *gestlach* ‘active’, ‘busy’) atá bunaithe ar an ainmfhocal *gestal* (= *gesdal* ‘work, undertaking, achievement’); tá tuiséal ginideach an ainmfhocail seo (*gesdail*) in A anseo.⁶⁹ Is sampla é seo den ghinideach faisnéiseach, a úsáidtear go minic leis an gcopail.⁷⁰ Tá *gamain* (A) níos fearr ná *gainim* (L) ó thaobh na céille agus na meadarachta de; déanann sé comhardadh slán le *thabair* (deireadh *d*), i gcomórtas le *gainim* nach ndéanann ach uathne le *thabair*.

1. 90 (§ 13 a) **A Dé is adbal a brat geimrid:** *A De is adbal a brat gemrid* (L), *A Dhé is adhbhal a brat geimrid* (A). Tugtar ‘plundering’ mar aistriúchán ar *brat*; d’fhéadfaí ‘affliction’ (sa Nua-Ghaeilge Chlásaiceach) a thabhairt air chomh maith.⁷¹ Is féidir freisin gurb é *brat(t)* ‘cloak, mantle’⁷² atá ann, cf. *tímhacht* ‘cloak’ sa rann roimhe seo.

⁶⁶*DIL* s.v. *dús* 454.54; *GOI* 71 §§ 113–14; 291 § 463.

⁶⁷*SnaG* 234 § 3.18.

⁶⁸*DIL* s.v. *séire* 152.30–31.

⁶⁹*Ibid.* s.v. *gestlach*, *geslach* 77.73, s.v. *gestal* 77.64.

⁷⁰*GOI* 159 § 250 3.

⁷¹*DIL* s.v. 1 *brat*.

⁷²*Ibid.* s.v. *bratt*.

1. 92 (§ 13 c) **ina tescann dona colbaib:** *nocho trascrand dona colbaib* (L), *ina tescann dona colbaibh* (A). Glacaim le leagan A san eagrán; is féidir leagan L a aistriú mar seo: ‘he does not knock down from the bed-posts’. Is í an mhír choibhneasta thaispeántach atá in *ina* anseo. Is foirm níos déanaí é seo de *aⁿ*; ⁷³ tá an dá shiolla ag teastáil anseo chun ocht siolla sa líne a dhéanamh. Leanann an fhoirm neamhnasctha/dheotratonach den bhriathar sa tSean-Ghaeilge í ach éiríonn an fhoirm chónasctha/phrótatonach ina diaidh coitianta sa Mheán-Ghaeilge.⁷⁴ Luaitear *tescann* (A) faoi *do-esc* in *DIL*⁷⁵ ach níl ar fáil d’fhoirmeacha deotratonacha ach corrrshampla amhrasach. Taobh amuigh de sin is é an briathar simplí *tescaid* atá ann i gcónaí. Is foirmeacha leis an bhfréamh *trascr-* a bhíonn ag an mbriathar *do-scara* (SG) ón Meán-Ghaeilge dhéanach i leith, mar atá in *trascrand* (L) anseo.⁷⁶ Is dócha gurb é ‘of, from’ is ciall le *do* sa dá lámhscríbhinn, is é sin gurb é an réamhfhocail *de/di* atá i gceist; meashtar *do* agus *de/di* le chéile an-mhínic. Maidir le *colba*, deirtear in *DIL* go mbíonn sé ‘In frequent use of part of the structure or equipment of a house, but precise application not always clear’.⁷⁷

1. 93 (§ 13 d) **no-s lascann don fhidbaid. F:** *co loisceann an fhidbaid. F* (L), *noslascann don fhidhbaid. F* (A). Glactar le leagan A san eagrán anseo toisc go réitíonn sé níos fearr leis an líne roimhe seo, áit a nglactar le leagan A san eagrán freisin. Is féidir leagan L a aistriú mar seo: ‘until he burns the trees’. Maidir le *loisceann* (L), *lascann* (A), is féidir leis an *sc* bheith leathan nó caol sa tSean-Ghaeilge ach bíonn sé caol sa Mheán-Ghaeilge.⁷⁸ Tugaim ‘to serve as the trees’ mar aistriúchán ar *don fhidbaid*;⁷⁹ is dócha go gciallaíonn sé sin go mbaíneann sé úsáid as poist na leapa, atá gearrtha den leaba aige, in ionad adhmaid na gcraon, don tine.

1. 107 (§ 15 b) **tabraid dóib cach finn-maig:** *tabraid doib cach finnmaig* (L), *tabraid doib cach inbuidh* (A). Tá *mag* neodrach sa tSean-Ghaeilge; is féidir leis bheith firinsneach nó baininsneach níos déanaí ach bíonn sé firinsneach de ghnáth.⁸⁰ Tá an consan deiridh caol anseo (*finnmaig*), áit a bhfuil sé sa tuiseal áinsíoch uatha. Is le focail bhaininsneacha (*ā*-thamhain de ghnáth, ach is *s*-tamhan *mag*) a chaolaítear an consan deiridh sa tuiseal áinsíoch agus tabharthach uatha. Is féidir le consan deiridh *mag* a bheith caol nó leathan sa tuiseal ainmneach sa Mheán-Ghaeilge.⁸¹ Nuair atá an consan deiridh caol is ionann an fhoirm atá sa tuiseal tabharthach, san áinsíoch agus san ainmneach, rud atá an-choitianta i gcás logainmneacha toisc go mbíonn an réamhfhocail *i* ag teacht rompu chomh mínic sin. Sampla de seo is ea an malartú i dteanga an lae inniu idir *Má* (= *Magh*) *Nuad* agus *Maigh Nuad*. Tá

⁷³Ibid. s.v. 4 a 3.50–54.

⁷⁴Ibid. 3.44, 3.51–52.

⁷⁵S.v. *do-esc*.

⁷⁶*DIL* s.v. *do-scara* 371.33–35.

⁷⁷Ibid. s.v. *colba* (a).

⁷⁸Ibid. s.v. *loiscid* 189.85.

⁷⁹Ibid. s.v. 1 *do* 172.45–54.

⁸⁰Ibid. s.v. *mag* 25.21–35.

⁸¹Ibid. 25.23.

consan deiridh caol ag teastáil anseo ionas go ndéanfadh *finnmaig* comhardadh le *fidbaid* (deireadh líne *d*). Is féidir leagan A (le *inbuidh*) a aistriú mar ‘give them every time’.

II. 108–9 (§ 15 *c*) **fer maith, mac, mnaí, cléirchib, congbaid**: *fer maith mac mnaí clerchib congbaid* (L), *fer maith mac mnai cléirchib congbaid* (A). Tig le *fer maith* bheith sa tuiséal ainmneach nó áinsíoch. Má ghlactar leis go bhfuil sé sa tuiséal áinsíoch, tá sé mar chuspóir ag an mbriathar *congbaid* (mar aon le *mac, mnaí* agus *cléirchib*). Is dócha gurb é Fidbadach atá le tuisceint mar ainmní an bhriathair sa chás sin. Má ghlactar leis go bhfuil *fer maith* sa tuiséal ainmneach, agus go bhfuil an chopail le tuisceint roimhe, is féidir an líne a aistriú mar ‘he is a good husband; a son, a wife, clerics, he supports’. Féidearthachtaí eile don aistriúchán ar *fer maith* is ea ‘a good man’ agus ‘a nobleman’; agus i gcás *mnaí*, ‘a woman’. Is é *cléirchib* an fhoirm atá ag *cléirech* sa tuiséal tabharthach iolra. Dá mbeadh sé sa tuiséal tabharthach ó thaobh feidhme de, is é an tabharthach neamhspleách a bheadh ann agus d’fhéadfaí ‘a woman along with clerics’ a thabhairt mar aistriúchán ar *mnaí cléirchib*, ach ba dheacair ciall a bhaint as sin. Glactar leis san aistriúchán anseo go bhfuil foirm thabharthaigh agus feidhm áinsigh ag *cléirchib*, is é sin le rá go bhfuil sé mar chuspóir ag an mbriathar *congbaid*, agus go bhfuil *cléirchib* in úsáid in áit *cléirchiu* a mbeifí ag súil leis.

II. 111–12 (§ 16 *a*) **Mac Mailchluthi ón Echtgi angbaid**: *Mac on Echtgi angbaid* (L), *Mac Mhailchluthi on Echtghi angbaid* (A). Níl *Mailchluthi* ach in A; tá sé ag teastáil ionas go mbeadh ocht siolla sa líne agus níl in L ach sé shiolla.

II. 117–18 (§ 17 *a, b*) **Ro-m ír, co corrán cét cuire / imon muidi meda**: *Romir co corran cet curi imon muidhi meda* (L), *Romir co cاران cet cuire uman muiqi medha* (A). Glactar leis san eagrán gurb é an tríú pearsa uatha d’aimsir chaite (fhoirfe) an bhriathair *ernaid*, le forainm iontaíte (*-m-*) le brí thabharthach, atá i gceist le *Romir* (L agus A). Is fochlásail, mar sin, iad *co corrán cét cuire* agus *imon muidi meda*, agus is cuspóirí de chuid an bhriathair iad *lestar slemon, escra sona* agus *roga flescach feda* (línte *c* agus *d*). Is féidir fosta gurb í an réimír threise *ró* agus an t-ainmfhocal *mír* atá i gceist (‘a great portion’). Tá *cocorran* (v.l. *cócaran*), mar aon fhocal amháin, ag Bergin (1907) ina thrascríobh. Tá an ceannfhocal *cocorran* le fáil in *DIL*; níl ag gabháil leis ach tagairt do na línte seo agus ‘Cf. corrán?’ Glactar leis san eagrán gurb é an réamhfhocal *co*^N agus an t-ainmfhocal *corrán* atá i gceist. Is dócha gurb é an focal céanna atá i gceist le *cáran* (A), leis an síneadh fada san áit mhícheart, *a* in áit *o* agus *r* amháin in áit dhá *r*. Tugaim ‘crook’ mar aistriúchán air anseo; tugann Kelly ‘sickle, hook’ air.⁸² Glactar leis san aistriúchán gurb é atá i gceist le *cuire* ná an t-ainmfhocal *coire* ‘cauldron’; de rogha air sin d’fhéadfaí glacadh leis gurb é *cuire* ‘host’ atá i gceist. Maidir le *imon* (*im(m)* + an t-alt), glactar leis san aistriúchán go gciallaíonn sé ‘along with the’.⁸³ Féidearthacht

⁸²Kelly, 1997, 617 (s.v. *corrán*).

⁸³*DIL* s.v. *imm* 103.52–75.

eile is ea go bhfuil an réamhfhocail *im(m)* ag gabháil leis an mbriathar *ro ír*. Faoin gceannfhocail *imm* in *DIL* tugtar samplaí, faoi ‘With certain verbs and verbal nouns’: ‘(iii) Of granting, bestowing: ron-íurusa im chét mbó bódána, BDD² 267. ronír Brigit immon flaith, *Zeitschrift für celtische Philologie* xi 109 § 17’.⁸⁴ Faoin gceannfhocail *ernaid* in *DIL*, aistrítear an chéad sampla thuas le ‘I bestowed on him a hundred kine’ agus an dara sampla le ‘to whom Brigit granted the kingdom’. Sa dá shampla seo, tagann *im(m)* roimh a bhfuil á bhronnadh.

ll. 122–3 (§ 18 a) **Do-roinne gairbi rem’ golla:** *Do roindí gairbi dom gola* (L), *Doroine gairbe rem ghilla* (A). Glacaim leis gur d’Fhidbadach a thagraíonn ainmní an bhriathair sa líne seo. Foirm de chuid na Nua-Ghaille Clasaicí is ea *do-roinne*.⁸⁵ Tá sé deacair a bheith cinnte cén chiall atá le *re* mar d’fhéadfadh an réamhfhocail *fri* (> *ri*, *re*), nó an réamhfhocail *re/ré/ria* a bheith i gceist. Is féidir *rem* a aistriú, mar sin, le ‘against my’ nó le ‘before my’. Sa Mheán-Ghaille dhéanach, is minic a úsáidtear *re(i)m*, *ro(i)m* in áit an réamhfhocail shimplí; mar sin, is féidir ‘he caused roughness to purblind ones’ a mholadh mar aistriúchán.⁸⁶ Maidir le *gola* (L) agus *gilla* (A), níl ceachtar acu sásúil ó thaobh na meadarachta de. Déanann *gilla* comhardadh le focail deiridh línte *b* agus *d* nuair ba cheart dó uathne a dhéanamh leo; i gcás an chomhardaidh le líne *d*, is leis féin atá sé. Is féidir an mheadarachta a chur ina ceart má chuirtear *l* breise le *gola*. Is aidiacht *goll* a chiallaíonn ‘blind of one eye’ nó ‘purblind’; glacaim leis go bhfuil sé in úsáid mar ainmfhocail (san iol.) anseo.

l. 127 (§ 18 d) **ro gab eill don gilla:** *do gab eill don gilla* (L), *roghab ill fam ghilla* (A). Glactar leis san aistriúchán go gciallaíonn *ro gab eill do* ‘overcame’ (is dócha go dtagraíonn ainmní an bhriathair d’Fhidbadach). Is féidir an briathar *gaibid* a úsáid leis an ainmfhocail *e(i)ll* (leis an gcuspóir sa tuiséal ginideach, nó le réamhfhocail roimh an gcuspóir), sa chiall ‘takes advantage of, overcomes’. Féidearthacht eile is ea go gciallaíonn *ro gab do* ‘attacked’. Dá nglacfaí leis gurb é an réamhfhocail *de* atá i gceist, d’fhéadfaí *ro gab do* a aistriú le ‘hindered, held back’.⁸⁷ Tugtar trí bhrí dhifriúla den ainmfhocail *e(i)ll* in *DIL*: [1] *ell*, *ella* = ‘a flush, a sudden emotion . . .’; 2 *ell*, *eill* = ‘opportunity, vantage’; 3 *ell* = ‘troop, flock’. I gcás leagan A, tugtar ‘attacks, charges at’ in *DIL* mar aistriúchán ar *gaibid fa*,⁸⁸ d’fhéadfaí an líne seo in A a aistriú mar ‘a troop/a sudden emotion attacked my servant’.

l. 132–4 (§ 20 a): **Cormac Caisil, cor dar cura:** *Cormac Caisil cona churu* (L), *Cormac Cailsil cor dar cura* (A). Glactar le leagan A san eagrán agus san aistriúchán; d’fhéadfaí leagan L a aistriú le ‘with his warriors/heroes’. Caithfidh gur botún scríobhaí é an *l* breise in *Cailsil* (A). Tá an t-ainmfhocail

⁸⁴Ibid. 105.15–17.

⁸⁵*SnaG* 413 § 7.18.

⁸⁶*DIL* s.v. 6 *ré*, *ria* 21.72–74.

⁸⁷Ibid. s.v. *gaibid* 20.11–19.

⁸⁸Ibid. 20.32–34.

cor (= *cur*) le fáil faoin gceannfhocal *caur* in *DIL*.⁸⁹ I dtaca le *dar* de, glactar leis san aistriúchán gurb é an réamhfhocal *dar* = *tar* atá ann.

ll. 136–7: **ar at-geóin ríg Rátha Bili na litri is na feda. F:** *tragaid im rig Ratha Bicli na litri is na feada. F (L), aratgeoin rig Ratha Bicli na litre is na fedha. F (A)*. Is féidir leagan L a aistriú mar seo: ‘he retreats on account of (nó ‘along with’) the king of Ráth Bili of the Roman letters and the ogham letters’; b’fhéidir gurb é Fidbadach ainmní an bhriathair *tragaid*. Tá *at-geóin* san aimsir chaite ach d’úsáid mé an aimsir láithreach san aistriúchán; deirtear in *DIL*, maidir leis an aimsir chaite agus an aimsir chaite fhoirfe den bhriathar seo: ‘in early language frequently with meaning of present’.⁹⁰ D’fhéadfadh *ríg* bheith sa tuiseal áinsíoch (más cuspóir an bhriathair *at-geóin* é) nó sa tuiseal ainmneach.⁹¹ Tá an fhoirm *righ* le fáil sa chéad rann eile in A, áit ar léir go bhfuil sé sa tuiseal ainmneach; tugann sé sin leid go bhfuil sé sa tuiseal ainmneach anseo freisin agus glactar leis sin san aistriúchán, rud a chiallaíonn gurb é Cormac rí Rátha Bili. Dá mbeadh *ríg* sa tuiseal áinsíoch, d’fhéadfaí an dá líne seo a aistriú mar seo: ‘For he knows the king of Ráth Bili of the Roman letters and the ogham letters’. Tugtar faoi deara gurb ionann *rí* agus *ríg(h)* ó thaobh na foghraíochta de faoi ré na Nua-Ghaeilge Clasaicí.⁹² Leasaigh mé *Bicli* go *Bili* ar chúinsí meadarachta: déanann *Bili* uathne le focail deiridh línte *b*, *c* agus *d*, rud nach ndéanann *Bicli*. Tá *Ráith Bicli* mar cheannfhocal ag Edmund Hogan (1910, 567), ach níl aige ach dhá thagairt: ceann don téacs seo, agus: ‘King of Cashel is called King of Ráith Bicli, reference omitted by a scribe’.⁹³ Tá baile i gContae Cheatharlach, áfach, darb ainm Ráth Bhile, agus níl sé rófhada ó Chaiseal i dTiobráid Árann, an áit lena gceanglaítear Cormac sa teideal Cormac Caisil.⁹⁴ Glactar leis san aistriúchán gurb iad litreacha na haibítire Rómhánaí atá i gceist le *na litri*, nach ionann iad agus litreacha na haibítire oghaim (*na feda*). Má ghlactar, mar sin, leis an aistriúchán mar atá sé, is féidir a áitiú go raibh cur amach ag Cormac ar an dá chineál scríbhneoireachta: an cineál nua leis an aibítir Rómhánach agus an tseanscríbhneoireacht leis an aibítir oghaim.

ll. 138–9 (§ 21 *a*) **Flann, flaith Temra, lór a miri:** *Flann flaith Temra lor a miri (L), Flann righ Temra ata da gile (A)*. Tá *Flann* sa tuiseal ainmneach; is *nominativus pendens* atá i gceist; deir Thurneysen: ‘The nominative, besides functioning as case of the subject and as predicative nominative, is also employed where a noun stands in no precise syntactical relationship. Such a nominative is often placed before a clause in which its syntactical relationship is then specified by a pronoun.’⁹⁵ Tá *flaith* agus *righ* chomh maith lena chéile don eagrán anseo; roghnaigh mé *flaith* toisc go ndéanann sé uaim le *Flann*.

⁸⁹*DIL* s. v. *caur* 93.20–24.

⁹⁰*Ibid.* s. v. *ad-gnín* 58.33–38.

⁹¹*SnaG* 249 § 5.11.

⁹²*Ibid.* 352 § 2.12.

⁹³Tá focail iomlána in úsáid agam in áit ghiorrúcháin Hogan.

⁹⁴Braínse Logainmneacha na Suirbhéireachta Ordanáis, *Gasaitéar na hÉireann/Gazeteer of Ireland* (BÁC: Oifig an tSoláthair, 1989), lch. 148.

⁹⁵*GOI* 155 § 247.

Foirm Mheán-Ghaeilge agus Nua-Ghaeilge Clasaicí is ea *lór*; is iad *loor/lour* na gnáthfhoirmeacha Sean-Ghaeilge. Is féidir an líne seo in A a aistriú le ‘Flann, the king of Tara, he is of a bright disposition’. Scríofa os cionn *da gile* in A, tá *nó dá mire*, rud a chuireann in iúl go bhféadfaí *dá mire* a úsáid in áit *da gile*; réitíonn *dá mire* níos fearr le leagan L (*lór amiri*). Is féidir *atá dá mire* a aistriú le ‘he is of a frenzied disposition’.

l. 146 (§ 22) **olc ind adba greda**: *olc ind adba greda* (L), *olcc in adbha greadha* (A). Glacaim leis gurb é *greda* foirm ghinidigh an ainmfhocail *graig* ‘horses, stud’; tosaíonn *g* faoi shéimhiú agus *d* faoi shéimhiú ag rith ina chéile sa Mheán-Ghaeilge.⁹⁶

l. 147 (§ 22 c) **ní soithenn in fhairgi a n-uilli**: *ní soitheann an fairgi a nuilli* (L), *nisbaighinn in fhairgi uile* (A). Maidir le *soithenn*, glacaim leis gurb é an briathar *saigid* ‘reaches, attains’ (> *soich-*)⁹⁷ atá i gceist. Nó seans gurb é an briathar *soid* = *soid/saíd* > *soidid* ‘turns (round); returns; changes’ atá ann.⁹⁸ Is féidir leagan A a aistriú mar ‘I was not wont to drown the whole herd’, má ghlactar leis gurb é an briathar *báigid* = *báidid* atá ann agus go bhfuil an *f* in *fhairgi* neamhbhunúsach; nó b’fhéidir ‘the sea does not drown them all’. Is dócha go bhfuil an forainn sealbhach *a* (L) ag tagairt do *na feda* a luaitear i líne *d* (is é sin oille na litreacha oghaim/na gcrann).

l. 154 (§ 23 c) **nocho roich aband a fhormna**: *nocho roich aband a formna* (L), *nocha roich aband co fhormna* (A). Glactar leis san aistriúchán go bhfuil *aband* sa tuiséal ginideach agus é faoi réir ag *formna* (ach ag teacht roimhe go neamhrialta) sa chiall ‘his choice river’.⁹⁹ Is *n*-tamhan é *a(u)b* ‘river’ sa tSean-Ghaeilge; is é *abann* an ghnáthfhoirm sa tuiséal ainmneach, agus *aba/abann* sa tuiséal ginideach, sa Nua-Ghaeilge Chlásaiceach.¹⁰⁰ Féadann sé freisin gurb é *abann* ‘scourge, whip’ atá i gceist. Ní mór a chur san áireamh freisin (1) go bhfuil *abann* sa tuiséal ainmneach; sa chás sin d’fhéadfaí ‘a river does not reach its highest part’ (ag glacadh le *f* neamhshéimhithe mar atá in L), nó ‘a river does not reach his shoulder’¹⁰¹ (le *f* faoi shéimhiú) a thabhairt mar aistriúchán ar an líne; nó (2) go bhfuil *abann* sa tuiséal áinsíoch, agus go bhfuil *formna* sa tuiséal ginideach: ‘he does not reach the river of his perfection/climax’.¹⁰² Maidir le *roich*, tá an fhoirm phrótatonach *-roich /-roig* ag an mbriathar *ro-saig* sa tríú pearsa uatha, aimsir láithreach, modh tascach sa tSean-Ghaeilge,¹⁰³ ach is dócha gur foirm ón Meán-Ghaeilge dhéanach nó ón Nua-Ghaeilge Chlásaiceach atá anseo i bhfianaise na foirme *nocho/nocha*. Deirtear in *DIL*: ‘The encl. stem *roich-* is commonly used as a simple vb. in

⁹⁶ *SnaG* 234 (§ 3.18).

⁹⁷ *DIL* s.v. *saigid* 20.78.

⁹⁸ *Ibid.* s.v. *soid* 326.22.

⁹⁹ *DIL* s.v. *formna* 350.4–19.

¹⁰⁰ *SnaG* 79 § 4.21.

¹⁰¹ *DIL* s.v. *formna* 349.39–57, 69–77.

¹⁰² *Ibid.* 349.78–350.3.

¹⁰³ *SnaG* 877 (s.v. *sroicheann*); *DIL* s.v. *ro-saig* 98.69.

late Mid. Ir.¹⁰⁴ I gcás *co fhormna* (A), ní leanann séimhiú an réamhfhocal *co*. B'fhéidir gurb é *oc + a* (forainm sealbhach) atá i gceist ach ní féidir liom ciall a bhaint as an líne sa chás sin ('he does not reach a river at his perfection?', 'a river does not come to an end at his shoulder'?).

I. 156 (§ 24 a) **Do-esaírg conu mo thigi**: *Doreasaírg conu mo thigi* (L), *Doesaírg conu mu thighi* (A). Tá *ro* na féidearthachta iontáite in *Doreasaírg* (L); is féidir 'he is able to slay' a thabhairt mar aistriúchán air. Tugaim 'he slays' mar aistriúchán ar *Do-esaírg*; tá briathar eile a litrítear ar an gcaoi chéanna a chiallaíonn 'saves, rescues' ach níl sé oiriúnach don chomhthéacs anseo.

II. 162–3 (§ 25 c) **ac cuingid bó, ní dis dona**: *ic cuindchi bo ni dis dona* (L), *a cuingidh bo co dis dona* (A). Is iad *cuingid(h)*, mar atá in A anseo, agus *cuindchid* na gnáthfhoirmeacha Sean-Ghaeilge d'ainm briathartha an bhriathair *con-dieig* (> *cuin(d)gid* srl.). Is foirm níos déanaí *cuinge*, *coinge*; is féidir *cuindchi* (L) a chur san áireamh anseo freisin mar fhoirm eile a chríochnaíonn ar ghuta.¹⁰⁵

I. 167 **in t-aircetal**: *in taircetal* (L), *in forcedul* (A). Is féidir 'teaching' a thabhairt mar aistriúchán ar *forcedul* (A). Is díol spéise é go molann Gwynn (1920, 91–2) go gciallaíonn sé 'deliverance of poetry' in *co fáthaib fiss fri forcital fēthamail*. Dá mbeadh an chiall sin leis anseo bheadh sé mar a chéile le leagan L (*aircetal*), ach níl d'fhianaise agam go bhfuil an bhrí seo leis ach moladh Gwynn. Aistriúchán eile ar *forcedul* is ea 'exceptionally learning, studying'¹⁰⁶ ach ní thugtar ach sampla amháin inar cinnte gurb í sin an chiall atá leis; d'fhéadfadh 'learning' bheith oiriúnach mar aistriúchán anseo i gcomhthéacs na béime a chuirtear ar *fedá* ('trees' nó 'ogham letters') sa dán. Is é is dóichí, áfach, nach bhfuil i gceist le *forcedul* ach malaírt leagain de *aircetal*. Tá sé furasta a thuiscint cén fáth a measfaí le chéile iad i gcomhthéacs mheascadh na réamhfhocal *for* agus *a(i)r*; tugtar faoi deara freisin gurb é *airc(h)etal* ainm briathartha an bhriathair *ar-cain*, agus gurb é *forcetal* (= *forcedul*) ainm briathartha an bhriathair *for-cain*.

TAGAIRTÍ AGUS GIORRÚCHÁIN

A: an leagan de *BBML* atá i LS D iv 2 (uimhir a 1223), Acadamh Ríoga na hÉireann.

Abbott, T. K. agus E. J. Gwynn, 1921: *Catalogue of the Irish manuscripts in the library of Trinity College, Dublin*. Dublin.

Ahlqvist, Anders, 1993: *Téarmaí gramadaí na Sean-Ghaeilge: grammatical terms of Old Irish*. Baile Átha Cliath.

Atkinson, Robert (ed.), 1896: *The Yellow Book of Lecan: a collection of pieces (prose and verse) in the Irish language, in part compiled at the end of the fourteenth century*. Photo-lithographic reproduction. Dublin.

¹⁰⁴S.v. *ro-saig* 99.34–35. Féach freisin *SnaG* 877 (s.v. *sroicheann*), áit a dtugtar *-roich* mar fhoirm phrótatonach sa Nua-Ghaeilge Chlasaiceach ag an mbriathar *do-soich* (< SG *ro-saig*).

¹⁰⁵*DIL* s.v. 1 *cuingid*.

¹⁰⁶*DIL* s.v. *forcetal* 320.62–66.

BBML: ‘Bó Bithblicht meic Lonán’.

Bergin, Osborn (ed.), 1907: ‘A Story of Flann mac Lonán’, in Bergin, O. J., R. I. Best, K. Meyer agus J. G. O’Keefe (ed.), *Anecdota from Irish Manuscripts* i 45-50. Dublin.

Best, R. I., Osborn Bergin agus M. A. O’Brien (ed.), 1954: *The Book of Leinster: Leabar na Núachongbála* i. Dublin.

Brainse Logainmneacha na Suirbhéireachta Ordanáis, 1989: *Gasaitéar na hÉireann: ainmneacha ionad daonra agus gnéithe aiceanta*. Dublin.

DIL: féach Quin, E. G.

Dinneen, Patrick S., (ed.), 1927, athchló leasaithe 1996: *Foclóir Gaedhilge agus Béarla: An Irish-English dictionary*. Dublin.

Flower, Robin, 1947, athchló 1979: *The Irish tradition*. Oxford.

GOI: féach Thurneysen, Rudolf.

Gwynn, E. J., 1920: ‘Audacht Morainn’, *Hermathena* 42, 90–95. Dublin, London.

Hogan, Edmund, 1910, athchló 1993: *Onomasticon Goedelicum: Locorum et Tribuum Hiberniae et Scotiae: an index, with identifications, to the Gaelic names of places and tribes*. Dublin.

Jackson, Kenneth Hurlstone, 1990: *Aislinge meic Con Glinne*. Dublin.

Kelly, Fergus, 1988, athchló 2001: *A guide to Early Irish law*. Early Irish Law Series 3. Dublin.

— 1997: *Early Irish farming: a study based mainly on the law-texts of the 7th and 8th centuries AD*. Early Irish Law Series 4. Dublin.

Knott, Eleanor, 1928, athchló, 1994: *An introduction to Irish syllabic poetry of the period 1200–1600: with selections, notes and glossary*. Cork.

L: an leagan de *BBML* atá in *LBL*

LBL: Leabhar Buí Leacain

McCone, Kim, 1985: ‘The Würzburg and Milan Glosses: Our Earliest Sources of Middle Irish’, *Ériu* 36, 85–106. Dublin.

— et al. (ed.), 1994, athchló 1996: *Stair na Gaeilge: in ómós do Phádraig Ó Fiannachta*. Maigh Nuad.

McManus, Damian, 1991, athchló 1997: *A guide to ogam*. Maynooth Monographs 4. Maigh Nuad.

Mulchrone, Kathleen, 1943: *Catalogue of Irish manuscripts in the Royal Irish Academy* fasc. xxvi. Dublin.

Murphy, Gerard, 1961: *Early Irish metrics*. Dublin.

Ní Dhomhnaill, Cáit, 1975: *Duanaireacht: rialacha meadarachta fhilíocht na mBard*. Dublin.

Ó Dónaill, Niall, (ed.), 1977, athchló 1992: *Foclóir Gaeilge-Béarla*.

Quin, E.G., et al. (ed.), 1913–76, athchló mar dhlútheagrán, 1998: (*Contributions to a*) *Dictionary of the Irish Language based mainly on Old and Middle Irish materials (DIL)*. Dublin.

SnaG: féach McCone, Kim, et al.

Thurneysen, Rudolf, 1946, athchló leasaithe 1998: *A grammar of Old Irish, aistriithe ag D. A. Binchy agus Osborn Bergin*. Dublin.

Lámhscríbhinní

Coláiste na Tríonóide, Leabhar Buí Leacain = The Yellow Book of Lecan = LS
1318 (H 2. 16)

Acadamh Ríoga na hÉireann, LS D iv 2 (uimhir a 1223)

Foinse ón idirlíon

'The Bards of Lecan Castle', <http://www.irishwitch.org/library/vbs.shtml>

DIARMUID CLIFFORD

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh